www.nuacht.com

# Lá

NUACHTÁN LAETHÚIL NA GAEILGE



acmhainn eagna www.acmhainn.ie



**BOCHTANAS: "Ach bhí a fhios agam le fada riamh - nó tá mo cheann sean - gur fíordheacair a bheith ionraic má tá tú róbhocht, agus gur mar an gcéanna ag an uchtach é. Is fearrde na suáilcí dúshraith de mhaoin an tsaoil a bheith fúthu."**
– Seosamh Mac Grianna, *Mo Bhealach Féin*

Cuardaigh nuathéarmaíocht na Gaeilge ar **www.acmhainn.ie**



**Iml 27 Uimh 207** **Dé Máirt 24 Deireadh Fómhair 2006**

Praghas molta miondíola LÁ: (Poblacht na hÉireann) 80c **80c / 50p**


## LáGonta

**Beidh seimineár ar inimirce, imeascadh agus an Ghaeilge á reáchtáil ag an ghrúpa iMeasc ar 27 Deireadh Fómhair.**
A seminar on immigration, integration and Irish will take place in Dublin on 27 October. ➔ 3

**Díríonn Méadhbh Ní hEadhra ar an gcontúirt go bhfuil íomhánna leictreonacha de pháistí á uaschóipeáil ar an idirlíon.**
Méadhbh Ní hEadhra isn't convinced of the benefits of the internet - especially as pictures of children are being uploaded on dubious sites without their permission. ➔ 4



**Dónall Ó Conaill, príomhfheidhmeannach an Fhorais Phátrúnachta, Caoimhe Martin, aoi-chainteoir, agus Carmel Nic Airt, cathaoirleach an Fhorais, a bhí i láthair ag an deireadh seachtaine ag cruinniú cinn bliana an Fhorais i gCill Dara. Tuilleadh pictiúr istigh.** ➔ 9

**Tá an fhoireann a thabharfaidh aghaidh ar an Astráil ag deireadh na míosa ainmnithe ag bainisteoir na hÉireann, Sean Boylan.**
Ireland International Rules manager, Sean Boylan, has announced the team that will face Australia at the end of the month. ➔ 12

**EAGARFHOCAL:**
**Tá teipthe glan ag an Aire Oideachais Máire Ní Ainiféin cothrom na Féinne a thabhairt don Fhoras Pátrúnachta i gcomórtas le heagrais phátrúnachta eile. An léargas é seo ar fhíordhearcadh na Roinne ar an Ghaeilge is ar an Ghaelscolaíocht? Tá súil againn nach é agus go mbeidh fianaise ar a mhalairt de léargas le sonrú go luath.**
The abject failure of the Education Minister to give fair play to the Foras Pátrúnachta is an indication of the cold house which the Department is for the Irish language and Irish medium education. It's time now for the Department and the Minister to strive to rebuild relationships with the Irish medium sector and to illustrate in no uncertain terms that such unfair treatment won't be repeated in the future. ➔ 4


Maoinítear an togra seo ag clár EU INTERREG IIIA Éire/ Tuaisceart Éireann tríd an Pháirtíocht INTERREG IIIA don Lárcheantar Éireannach Teorann (ICBAN)




## Rosc Catha Ros Muc:

**Mháirseáil lucht agóide Ros Muc ar son phobal Ros Dumhach Dé Domhnaigh agus iad ag léiriú tacaíochta dá gcairde i nGaeltacht Mhaigh Eo. Scéal iomlán agus tuilleadh pictiúr ar Lch 3**

# Díbhinn síochána do naíscoil

Le **Concubhar Ó Liatháin**

**Is féidir nach bhfuil an díbhinn síochána ar fad tagtha chomh fada le ceantair náisiúnacha i mBéal Feirste go fóill, ach beidh naíscoil amháin ag baint leasa as réamhíocaíocht ar an díbhinn ar a laghad.**

Nó tá Iontaobhas na Gaelscolaíochta tar éis a fhógairt go mbeidh siad ag infheistiú £200,000 i dtógáil naíscoile úire, i gceantar na Carraige Báine in Iarthar Bhéal Feirste, mar thoradh ar dheontas speisialta a fuair siad le déanaí.

Tháinig an deontas ón chomhlacht a bhíodh i mbun Eastát Tionsclaíochta na Carraige Báine sa cheantar, tá breis is cúig bliana fichead ó shin. Ar an eastát seo, bhí comhlachtaí beaga ag cur tús le gnó agus iad ag iarraidh spiorad na fiontraíochta a thógáil sa cheantar, ceantar a bhí go mór faoi mhíbhuntaiste de dheasca an bhochtanais, na dífhostaíochta agus tionchair eile na coimhlinte a bhí géar ag an am.

Mar chuid de shocruithe slándála Arm na Breataine, ghabh an tArm seilbh ar an Eastát Tionsclaíochta go moch maidin amháin i nDeireadh Fómhair 1979 agus thug siad nóta do na daoine a bhunaigh an t-eastát ag cur in iúl dóibh go raibh siad díshealbhaithe.

**Tá tuismitheoirí agus daltaí i gceantar na Carraige Báine i mBéal Feirste ag ceiliúradh inniu tar éis gur fógraíodh go dtógfaí naíscoil úr le hairgead a fuarthas nuair a díoladh suíomh a bhíodh i seilbh Arm na Breataine.**

Parents and children in the Whiterock area of Belfast are celebrating the news this week that a new Irish medium preschool is to be built in the area, following the sale of a site which was long occupied by the British Army.

"Ní cuimhin liom an dáta go cinnte, ach is cuimhin liom na Sasanaigh go teacht chomh fada le mo dhoras le nóta, go luath ar maidin, agus 'notice to quit' a bhí ann," arsa Seán Mac Goill, duine de bhunaitheoirí an eastáit, le *Lá*.

Chaith sé féin agus a chomh-bhunaitheoir, Seamus Napier, an t-am ó shin ag iarraidh seilbh a fháil ar ais ar an suíomh agus cúiteamh a fháil ar an díshealbhú gan choinne a rinneadh.

Ceithre bliana ó shin a d'fhág Arm na Breataine an suíomh i gceantar na Carraige Báine, ceantar atá go fóill faoi mhíbhuntaiste agus é ag iarraidh teacht chuige féin.

Ní gá a rá ach gur fhág Arm na Breataine an suíomh ar ghlac siad seilbh air breis is scór bliain roimhe i bhfíor dhroch-chaoi agus de bharr gur fhág siad, mar a tháinig siad, gan choinne, bhí a fhios ag ógánaigh an cheantair go raibh an áit folamh sula bhfuair Seán agus Séamus an t-eolas.

Fán am a tháinig siad ar an láthair in athuair, bhí sé scriosta amach is amach agus ní raibh mórán go bhféadfaí a dhéanamh leis.

Ó shin, bhog Invest Northern Ireland isteach ar an suíomh agus tá foirgneamh úr tógtha acu, ach ní raibh aon chúiteamh seolta chuig na fíor-úinéirí.

"Bhí suíomh amháin againn ar an láthair inár n-ainm féin agus d'éirigh linn é sin a dhíol le déanaí ar £200,000," arsa Seán le *Lá*.

"Agus bhí cruinniú againn, an tseachtain seo caite, le hiarbhaill den chomhlacht lena chur in iúl dóibh go raibh sé beartaithe againn an comhlacht a scor agus an t-airgead a bhí faighte a chur ar fáil do Iontaobhas na Gaelscolaíochta ar an gcoinníoll go ndéanfadh siad infheistiú i naíscoil a thógáil sa cheantar.

"Agus anois, tá sé beartaithe go dtógfar naíscoil úr, Naíscoil an tSléibhe Dhuibh, in aice le Bunscoil an tSléibhe Dhuibh atá sa cheantar cheana féin."

Beidh an naíscoil úr 'mar dhíbhinn don phobal áitiúil', dar le Seán, a chreideann go mbeidh an naíscoil ag teacht leis an bhunaidhm a bhí aige agus ag bunaitheoirí an eastáit tionsclaíochta, sé sin, fostaíocht a chur ar fáil sa cheantar agus cur leis na seirbhísí ann.

Tuigtear do *Lá* fosta go bhfuil cainteanna ar bun idir an tIontaobhas agus an Roinn Oideachais féachaint an mbeadh an Roinn sásta cómhaoiniú a chur ar fáil don naíscoil ar bhonn 'punt ar phunt'.

Beidh toradh ar na cainteanna sin go luath agus is dea-thoradh atá á thuar ag an phointe seo, cé nach féidir a bheith iomlán cinnte go fóill.

Agus, amach anseo, tá Seán agus Seamus ag troid cás dlí in éadan Oifig Thuaisceart Éireann le cúiteamh a fháil as an díshealbhú a rinneadh orthu, na blianta fada ó shin.

Cá bhfios nach mbeidh naíscoil nó forbairt Ghaeilge eile mar thoradh ar an gcás sin nuair a thiocfaidh an cinneadh.

# Reifreann an Daingin gan bhrí

Le **Concubhar Ó Liatháin**

Tar éis gur tugadh chun solais i *Lá* go ndearnadh ainm an bhaile a mhilitriú ar an bpaipéar ballóide, bhí ar Rúnaí Chomhairle Contae Chiarraí cinneadh a dhéanamh, an tseachtain seo caite, idir leanúint le reifreann an Daingin nó é a chur ar cheal ar fad.

Agus é ag labhairt le *Lá*, inné, dúirt Cathal Ó Súilleabháin go raibh sé rómhall nuair a cuireadh an botún ar a shúile dó ach d'admhaigh sé gur smaoinigh sé ar feadh tamaill ar an bpróiseas ar fad a thosú in athuair mar gheall ar an mbotún.

"Fán am a thuigeamar an botún a bhí déanta, bhí an próiseas faoi lán seoil," ar seisean.

Dar leis, áfach, nach raibh aon cheangal dlíthiúil ag baint leis an reifreann nó ní raibh ann ach bealach le go mbeadh an pobal in ann a mbarúil a chur in iúl maidir lena rogha ainm don bhaile.

Dúirt sé fosta le *Lá* go raibh sé tar éis a chur ina luí ar na gcomhairleoirí nach bhféadfadh an tAire an moladh a bhí déanta acu a chur i bhfeidhm, fiú dá nglacfaí leis, de bharr nach raibh an chumhacht sin aige.

"Lean siad leis an reifreann, mar sin féin," ar seisean.

Dhearbhaigh sé go raibh teagmháil déanta ag ionadaí ó oifig an tAire Uí Chúiv leis an gComhairle Contae leis an gcéad chéim eile a mheas.

Tá cruinniú de chuid phobal Gaeltachta iarthar Dhuibhneach ar an gceist le bheith ann san oíche amárach.

## Lámhleabhar tum-oideachais le seoladh

**Seolfar lámhleabhar traenála ar an dtumoideachais lán-Ghaeilge ag ócáid ag Leabharlann an Línéadaigh i mBéal Feirste, inniu.**

Tá an leabhar, atá scríofa ag Áine Andrews, príomhoide Ghaelscoil na bhFál agus bunaitheoir an chéad naíscoil ó thuaidh i 1978, á lua mar 'fhorbairt an-tábhachtach' ó thaobh na Gaelscolaíochta de.

Dar le Seán Ó Coinn, príomh-fheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta, líonfaidh *Two Windows on the World* 'bearna mhór sa soláthar'.

## NUACHTLÍNTE

Le Dónall Mac Giolla Chóill

### Gardaí Chaisleáin an Bharraigh ag fiosrú eachtra sáite

Tá drochbhail ar fhear in Otharlann Ghinearálta Mhaigh Eo tar éis gur sádh é in eachtra i dteach i gCaisleán an Bharraigh, inné.

Tá fear gafa ag na Gardaí maidir leis an eachtra, a tharla thart ar 3.30 maidin inné i sráidbhaile Mainéar.

Rinne na Gardaí scrúdú teicniúil ar an teach inar tharla an eachtra.

### Ionsaí i gCathair Luimnigh

Tá fiosrúchán ar bun ag Gardaí i gcathar Luimnigh maidir le heachtra inár sádh fear a bhí sna fichidí. Gortaíodh é go holc de bharr an ionsaithe, a tharla go mall oíche Dhomhnaigh, i dtuaisceart na cathrach.

### Tiomáint faoi thionchar an óil

De réir figiúirí sealadacha a d'eisigh na Gardaí inné, rinneadh taifead ar 456 eachtra ar feadh tréimhse seachtaine, ó 16 go 22 Deireadh Fómhair, inar gabhadh ar dhaoine agus iad ag tiomáint faoi thionchar an óil.

### Dáta cúirte socraithe i gcás dúnmharaithe

Tá dáta socraithe anois le haghaidh triail fir 21 bliain d'aois atá cúisithe as ucht Sheola Keaney, 19 bliain d'aois as an Chóbh, Co Chorcaí, a dhúnmharú.

Rachaidh Thomas Kennedy ón Chóbh os comhair na cúirte ar 5 Nollaig sa phríomhchúirt choiriúil i gCorcaigh, agus é cúisithe sa dúnmarú ar 14 Iúil na bliana seo.

# €520,000 do Ghaeltacht Chonamara

Le Dónall Mac Giolla Chóill

Tá fógartha ag Éamon Ó Cuív, TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, go bhfuil deontais ar luach €260,000 ceadaithe aige faoin Scéim Athnuachana Baile i nGaeltacht na Gaillimhe.

Dúirt an tAire Ó Cuív go raibh áthas air a bheith in ann na deontais seo a chur ar fáil i mbliana.

Íocann an Roinn deontas 50% i gcás athnuachan baile. Fágann sé sin gur caiteachas iomlán €520,000 atá i gceist idir an Roinn agus Comhairle Contae na Gaillimhe.

"Le fada, tá easpa bunstruchtúr feiliúnach ag cur as don Ghaeltacht" arsa an tAire Ó Cuív, "go mór mór le fás líon na gcarranna ar na bóithre, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh cosáin agus soilse agus a leithéid curtha ar fáil.

"Caithfear an t-airgead seo i 12 baile i nGaeltacht Chonamara agus táim cinnte de go mbainfidh pobail na mbailte sin tairbhe as na hoibreacha."

Tá na hoibreacha seo á maoiniú faoin gClár Forbartha Náisiúnta 2000-2006, agus tá na bailte seo leanas ainimnithe le haghaidh maoiniú:

An Cheathrú Rua, áit a leanfar le hoibreacha Dhoire Fhearta ar chosáin, ar dhuchtáil, ar bhallaí agus ar imeall an bhóthair ar feadh 150m. Íocfaidh an Roinn €20,000 agus an chomhairle contae €20,000.

I gCarna, déanfar obair ar chosán coisithe i lár an bhaile ar feadh 100m, tochailt ábhair mhífheiliúnaigh san áireamh agus déanfar líonadh a iompórtáil agus a scaradh. Caithfidh an roinn €15,000 air seo agus an chomhairle contae €15,000 eile.

I gCill Chiaráin, déanfar leanúint le cosáin a chur síos ag Tí Chatháin agus os comhair na reilige, duchtáil agus cosáin i lár an bhaile san áireamh, fad 300m gan aon bhallaí. Íocfaidh an roinn €15,000 agus an chomhairle €15,000.

I Ros an Mhíl, déanfar ballaí a chur siar san áit a bhfuil leathnú déanta (séipéal agus siopa) ó dheas i dtreo an chalafoirt. Íocfaidh an roinn €20,000 agus an chomhairle €20,000 ar a bharr sin.

I gCamus, leanfar leis an nasc go dtí an séipéal, cosán, duchtáil, sconsa agus 4 sholas. Tá €15,000 tugtha ag an roinn agus €15,000 eile ag an chomhairle contae.

I Leitir Móir, déanfar nasc cosáin go dtí Oifig an Phoist, duchtáil agus cothromú agus síothlú an phíosa lasmuigh de gheata na scoile, le €20,000 ag teacht ón roinn agus an méid céanna ag teacht ón chomhairle contae.

In Indreabhán, déanfar ardú na mballaí ar thaobh an bhóthair san áit a bhfuil titim mhór isteach i ngarraí a d'eascair as oibreacha eile ar an láthair. Tá €20,000 tugtha ag an roinn le haghaidh na hoibre seo agus €20,000 eile ag teacht ón chomhairle contae.

Ar an Spidéal, déanfar bealach siúlóide mar nasc idir an tSean-Ché agus an Ché nua. Leanfar le cosán an Bhaile Aird le deontas €25,000 ón roinn agus €25,000 ón chomhairle.

I gCorr na Móna, déanfar an chéad chéim den droichead coisithe nua, le €20,000 ón roinn agus €20,000 ón chomhairle contae.

I Maigh Cuilinn, déanfar soláthar cosáin ag an gcreche, le €10,000 ón roinn agus €10,000 ón chomhairle chontae.

Ar an Bhaile Dóite, tógfar cosán i limistéar na páirce peile, déanfar cóiriú agus síothlú ar na háiteanna páirceála, mar aon le duchtáil agus soilse. €40,000 a thiocfaidh ón roinn agus an méid céanna ón chomhairle contae.

Ar na Forbacha, cuirfear dromchla feabhsaithe ar an chosán ag Cnoc na Gréine, le €20,000 ón roinn agus €20,000 ón chomhairle chontae.

I Ros Muc, déanfar an balla teorann atá os comhair na gairmscoile a bhrú siar ar feadh achair 110m chun go mbeadh feiceáil níos fearr san áit. Íocfaidh an roinn deontas €20,000 agus tiocfaidh an méid céanna ón chomhairle contae.

Ina iomlán, íocfaidh an roinn deontas €260,000 agus an chomhairle an méid céanna, rud a fhágann deontas iomlán de €520,000.



**Foireann bhuach Ghaoth Dobhair, Co Dhún na nGall, ar chamchuairt scoileanna an pharoiste an tseachtain seo caite. Sa phictiúr, tá baill den fhoireann a bhuaigh craobh an chontae in éineacht le múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí Scoil Bhríde, Mín an Chladaigh.** Grianghraf: Aodh Máirtín Ó Fearraigh

# Maoiniú le bóthar Heilbhic a chosaint ón chreimeadh

Le Dónall Mac Giolla Chóill

D'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, TD, inné, go raibh deontas €187,500 ceadaithe aige chun dul i ngleic le creimeadh cósta ag Heilbhic, Co. Phort Láirge. Beidh costas iomlán €500,000 ar na hoibreacha atá le déanamh.

Tá an Chomhairle Contae ag íoc 25% den mhaoiniú agus tá an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag íoc fuílleach an mhaoinithe.

Díreoidh na hoibreacha ar chobhsú na n-aillte, rud a thabharfaidh cosaint don bhóthar straitéiseach idir Heilbhic agus An Rinn.

"Chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an infrastruchtúr sna ceantair Ghaeltachta, tá sé ríthábhachtach go gcosnóimid an méid atá ann cheana féin. Is próiseas nádúrtha é an creimeadh cósta agus is rud é a bheidh ag tarlú i gcónaí," arsa an tAire Ó Cuív. "Mar gheall air sin, caithfimid a chinntiú go mbeidh an bóthar idir Heilbhic agus an Rinn sábháilte don phobal."


MACKEL & DOHERTY
Ailtirí




6 Sráid Kinnaird, Béal Feirste BT14 6BE
Fón: 028-90746386 Facs: 028-90351481
Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín: **www.macdoh.com**


**Aimsir** an lae inniu:
Geal agus grianmhar; 12-16°c




**Teilifíseáin ar cíos**
**Scáileán leathan**

**Teilifíseáin leathanscáileáin Nicam Stereo ó £4.25 in aghaidh na seachtaine**
Is fearr iad a fháil ar cíos – beidh tú gan bhuaireamh
Is féidir deisiú teilifíseáin dhigitigh bheith costasach

**INNILL NÍOCHÁIN ar díol @ £6.50 in aghaidh na seachtaine**
**TRIOMADÓIRÍ IOMLASCTHA agus CÓCAIREÁIN @ £5.50 in aghaidh na seachtaine**
**REOITEOIRÍ CUISNEORA ó £8.80 in aghaidh na seachtaine**
**DVD, HI-FI, VCR ó £4.00 in aghaidh na seachtaine**
Agus dearbháin le haghaidh ARGOS, INDEX, JJB SPORTS srl

**Teil: 9060 4404 nó 9060 4433**

**PÓL Ó GRÉACHÁIN**
DLÍODÓIR

paul m graham solicitors
pól ó gréacháin dlíodóir

- TAISMÍ BÓTHAIR
- CÚRSAÍ PRÍOBHÁIDE
- NEAMART LEIGHIS
- DÍOL AGUS CEANNACH TÍ
- GORTÚ COIRPEACH
- DAMÁISTE COIRPEACH

**70 Bóthar Bhaile Andarsan,**
**Béal Feirste BT11 9AN**
**Guthán: (028) 90 603223**




# Léirsiú tacaíochta do Ros Dumhach



Bhí léirsiú in éadan Shell agus ar son Phobal Ros Dumhach ar siúl i gConamara, Dé Domhnaigh.
Bhailigh thart ar 70 duine ag Crosbhóthar Dhoire Né lena gcuid tacaíochta a chur in iúl do mhuintir Iorrais atá go fóill ag troid i gcoinne phleananna an mhórchomhlachta breosla críochfort gáis a thógáil sa cheantar.
Cáineadh an rialtas ag an léirsiú as an socrú a dhéanamh le Shell sa chéad dul síos agus moladh go ndéanfaí an gás a phróiseálú amuigh ar an fharraige in ionad faoin tír.
Chuir na léirsitheoirí in iúl chomh maith go raibh díomá orthu faoi sheasamh na nAirí Éamon Ó Cuív agus Frank Fahey, beirt a bhí an-chiúin ar fad ar an cheist, dar leo.

# An Ghaeilge agus inimircigh idir chamáin ag seimineár iMeasc

Le **Eoghan Ó Néill**

Beidh seimineár dar teideal, 'Inimirce, Imeascadh agus an Ghaeilge' á reáchtáil ag an ghrúpa iMeasc i mBaile Átha Cliath ar 27 Deireadh Fómhair.

Beidh an seimineár dírithe go príomha ar na hinistitiúidí agus na móreagraíochtaí atá ag obair le hinimircigh chomh maith leis na ranna stáit a bhfuil freagrachtaí orthu sa réimse seo.

Orthu sin, tá An Roinn Oideachais & Eolaíochta agus An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Foras na Gaeilge a dhéanfaidh urraíocht ar an ócáid.

Líonra d'inimircigh le Gaeilge agus Gaeilgeoirí de chúlra eitneach measctha é iMeasc, a bunaíodh i mí Aibreáin 2005.

Tá an seimineár á reáchtáil mar chéad chéim tógála droichid idir níos mó inimirceach agus an Ghaeilge nó creideann iMeasc go bhfuil fíorghá le breathnú níos faide chun tosaigh, thar bhunriachtanas láithreach an Bhéarla.

Measann siad gur gá a chur ar a súile d'inimircigh an fás an-suntasach atá ag teacht ar spéis agus ghníomhaíocht an phobail sa Ghaeilge le blianta beaga anuas.

Arsa urlabhraí iMeasc, "Tá sé d'aidhm ag an seimineár seo idir institiúidí an Stáit a phléann le hinimircigh agus eagraíochtaí inimirceach a spreagadh leis an nGaeilge a chur san áireamh ina gcuid oibre."

Dúirt Ariel Killick, comhbhunaitheoir iMeasc, gur mhór an t-údar dóchais a thoilteanaí is a bhí príomheagras Gaeilge an stáit breathnú ar an cheist seo.

Arsa Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, "Tréaslaím le iMeasc as an seimineár seo a eagrú.

"Ní le haon phobal amháin an Ghaeilge ach le gach duine ar an oileán agus i gcéin.

"Tugann an seimineár seo deis dúinn an teachtaireacht thábhachtach sin a chraobhscaoileadh."

## Con




# Fáilte roimh thuairisc

Le **Colm Ó Broin**

Tá fáilte curtha ag an Aire Airgeadais, Brian Cowan, roimh thuarascáil nua de chuid na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ITES) ar na tosaíochtaí infheistíochta sa Chéad Phlean Forbartha Náisiúnta eile.

Dar leis an tuarascáil, atá á foilsiú inniu, is é an tosaíocht is mó ná méadú a chur le hinfheistíocht sa bhonneagar, agus i gcúrsaí iompair go háirithe.

Tá cáineadh déanta ag an fhreasúra agus ag pobail timpeall na tíre ar an bhonneagar iompair agus teicneolaíochta atá ar fáil ach mhaígh an tAire gur thug na Pleananna Forbartha Náisiúnta go dtí seo "cúnamh riachtanach do dhea-chlaochlú gheilleagar agus shochaí na hÉireann le 15 bliain anuas" agus gur bhronn an PFN reatha "maisiú mór ar bhonneagar geilleagrach agus sóisialta an Stáit chun mórthairbhe don fhorbairt eacnamaíoch ar fud na réigiún go léir.

"Ní foláir dúinn an deis atá againn sa ghearr- is sa mheántréimhse a thapú chun déileáil leis na heasnaimh throma bhonneagair atá romhainn sula ngéaróidh fachtóirí eile amhail Sláinte agus Pinsin ar ár n-acmhainní de bharr dul in aois an phobail san fhadtréimhse.

"Creidim gur chóir dúinn feidhmiú chun an t-easnamh bonneagair a chealú a luaithe agus is féidir ionas go bhfeabhsófar an caighdeán maireachtála agus go dtreiseofar an cumas iomaíochta ar fud an gheilleagair".

Dúirt an tAire Cowan chomh maith go gcuirfí san áireamh staidéar ITES agus na tosaíochtaí a shainaithnítear sa chomhairliúchán forleitheadach atá idir lámha ag an rialtas.



## Ar fud na cruinne

Le h**Anton Mac Cába**

## Líomhaintí séanta

**DILI**
Dúirt an Briogáidire atá i gceannas ar fhórsa síochána na hAstráile sa Tíomór Thoir (Timor-Leste) nach ndearna sé iarracht ar bith ar cheannaire ceannairceach a ghabháil nuair a bhí cruinniú rúnda acu lena chéile.

B'shin ainneoin an tóir a bheith ar an cheannairceach.

Tá an Maor Alfredo Reinado ar a sheachaint ó d'éalaigh sé ón bpríosún i mí Lúnasa.

Dúirt an Briogáidire Mick Slater go raibh 11 fear armtha i dteannta Reinado, gan ach beirt Tíomórach ina theannta féin.

## Smacht ag ceannaircigh ar bhaile iomlán

**N'DJAMENA**
Ghabh ceannaircigh baile in oirthear Shead.

Dúirt urlabhraí thar ceann na gceannairceach gur ghabh siad baile Goz Beïda.

Tá sin cóngarach leis an teorainn le cúige Darfur na Súdáine, mar a bhfuil cogadh fuilteach cathartha ar shiúil.

Tháinig ceannaircigh na tíre lena chéile in Aontas na bhFórsaí ar son an Daonlathais agus na Forbartha.

## Iarracht eile bhuamála

**AJACCIO**
Rinneadh iarracht ar árasán dlíodóra a phléascadh i gceartlár Ajaccio na Corsaice.

Tá an-lámh ag an dlíodóir i ndíol tithe saoire.

Tháinig comharsana ar an bhuama, gur mhúch an t-aidhnín.

Sa chathair, rinneadh ionsaithe le buamaí laga ar theach cónaithe péas agus ar charr de chuid an Préfét (gobharnóir).

Tharla na hionsaithe cothrom an ama ceithre bliana ó shin a bunaíodh an Front de la Libération Nationale Corse du 22 Octobre.

Le linn an deireadh seachtaine, ghabh na péas 14 náisiúnaí i ruathair ar fud thuaisceart na Corsaice.

## Péas maraithe ag buíon treallchogaithe

**CATHAIR NA hAILGÉIRE**
Mharaigh treallchogaithe Ioslamacha triúr péas i luíochán san Ailgéir.

Mharaigh siad mílísteoir de chuid an rialtais le sceana sa dúiche chéanna, soir ó Chathair na hAilgéire.

Lá

Eagarthóir: **Concubhar Ó Liatháin**
(eolas@nuacht.com)

Teach Basil, 2 Cnoc Bhaile Haine,
Béal Feirste BT17 OLT
Fón: Béal Feirste **9060 5050**
Facs: Béal Feirste **9060 5544**

Lá, An Chrannóg, Na Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn, Co Dhún na Gall
Fón: **074 9560344**
Facs: **074 9560350**
ISDN: **074 9560347**
Suíomh idirlín: **www.nuacht.com**

## Eagarfhocal

# Aire na teipe

**Náiriú a rinneadh ar an Aire Oideachais is Eolaíochta, Máire Ní Ainiféin, an deireadh seachtaine beag seo, nuair a tugadh chun solais an neamart atá déanta ag a roinn sa Ghaelscolaíocht i gcoitinne agus i bhForas Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge go háirithe.**

Is dócha nár cheart go mbeimis ag súil le tada eile ón Roinn Oideachais, roinn nach bhfuil an cháil uirthi go mbíonn sí ag tacú leis an nGaelscolaíocht agus a bhfuil sé de mhíchlú uirthi nach mbíonn ach 3% den fhoireann sásta gnó a dhéanamh leis an bpobal trí mheán na Gaeilge.

Ach bheimis ag súil le tuiscint níos fearr ón Aire Ní Ainiféin, polaiteoir a bhfuil an-chumas cainte Gaeilge aici agus a luafaí tuiscint níos fearr léi ar cheisteanna teanga ná mar a léirigh sí sa chás seo.

Is é an fhírinne ná go bhfuair eagrais phátrúnachta eile, eagrais ar nós Educate Together, Eagras Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha agus Coiste Eaglais na hÉireann ardú suntasach – agus ardmholadh le cois ón Aire – ach gur fágadh an Foras Pátrúnachta ar an dtrá fholamh.

Ní hé nach bhfuil go leor airgid ag an rialtas i ré seo an SSIA le bheith ag cur ar fáil cúpla míle euro suarach d'ardú don Fhoras Pátrúnachta, an é?

An rud atá deacair a mhaitheamh don Aire agus a Roinn an easpa cúirtéise gan fiú freagra a thabhairt don Fhoras ar an iliomad iarratas a rinne siad ar chruinniú chun na ceisteanna seo a phlé.

Beidh súil le dearcadh níos fearr agus níos tuisceanaí ón Roinn agus ón Aire i leith na Gaelscolaíochta fosta, dearcadh a léiríonn tuiscint ar na héachtaí atá á mbaint amach san earnáil.

Theip ort sa teist an uair seo, a Aire. Nár theipe ort an dara huair sa scrúdú céanna.

Clár INTERREG IIIA Éire/Tuaisceart na hÉireann de chuid an AE a thacaíonn leis an tionscadal seo. Ball de MIDAS – cumann de nuachtáin laethúla a fhoilsítear i dteangacha mionlaigh – is ea Lá.

Is é polasaí *Lá* ceart freagra a thabhairt dá léitheoirí agus déanaimid gach dícheall meancóga a cheartú chomh luath agus a chuirtear ar ár súile iad.

Is iad an *Andersonstown News* (dhá eagrán), *South Belfast News* agus *North Belfast News* siúrnuachtáin *Lá*.

Faigheann *Lá* cuidiú ó Fhoras na Gaeilge

Síntiús Lá

Is féidir síntiús a thógáil le Lá ach labhairt le Connla ag

**048 90605050**



# Tromaíocht i ré an eolais



**AG CAINT AR AN SAOL**

Meadhbh NÍ EADHRA

Sílim go bhfuil rud fíorscanrúil i ndiaidh tarlú sa tsochaí seo ina bhfuilimid ag maireachtáil inniu.

Baineann sé leis an teicneolaíocht nua-aimseartha, leis an idirlíon agus leis an fhón póca.

I mo bharúilse, níl mórán príobháideachais againn sa lá atá inniu ann.

Samhlaigh grúpa daoine óga amuigh sa teach tábhairne nó sa chlub oíche, cuid acu ar meisce, ar ndóigh, agus samhlaigh duine ag glacadh grianghrafanna dóibh, gan chead, agus iad aineolach ar an rud atá ar siúl.

Tá sé rófhurasta, i mo bharúilse, grianghrafanna a ghlacadh agus fiú fístéip a dhéanamh de dhuine ar bith a fheiceann tú. Thig leat, ar ndóigh, ceamara a úsáid, ach más rud é nár mhaith leat go dtabharfadh daoine faoi deara tú, is gléas níos rúnda fós atá sa fón póca. Ní gá, fiú, gur strainséir a bheadh ag glacadh na ngrianghrafanna. Go minic, is iad na daoine óga iad féin a dhéanann an beart.

Níor cheart go gcuirfeadh sin isteach ná amach ormsa, a deir tú liom.

Cuireann, áfach, de bharr gur féidir le daoine na grianghrafanna céanna a uaschóipeáil ar an idirlíon gan cead na ndaoine iontu a lorg.

Tá seo fíorscanrúil, dar liomsa, mar is iomaí grianghraf nár mhaith le daoine a fheiceáil ar an idirlíon, áit go dtiocfadh le duine ar bith amharc orthu.

Is minic nach dtuigeann daoine óga, agus b'fhéidir daoine fásta freisin, gur áit thar a bheith poiblí atá san idirlíon, agus áit gan príobháideachas ar bith, beagnach.

Tá cúpla suíomh nua anois in úsáid go forleathan ag déagóirí agus daoine óga ar fud an domhain. Samplaí díobh siúd ná www.bebo.com , www.myspace.com agus www.facebox.com

Tá neart eile ann fosta, ach sin iad na príomhcinn.

Ar na suímh seo, déanann daoine uaschóipeáil ar ghrianghrafanna, ionas go mbíonn siad le feiceáil go soiléir ar a leathanach pearsanta féin.

Cé go bhfuil leathanach pearsanta ag achan duine, áfach, ní hionann sin agus a rá go bhfuil na leathanaigh príobháideach. Más rud é go roghnaíonn duine a leathanach a dhéanamh poiblí, agus seo an rud atá ag tarlú, is féidir le duine ar bith na grianghrafanna a fheiceáil, agus fosta, na grianghrafanna a chóipeáil dóibh féin.

Is dócha go bhfuil tusa den tuairim nach drochrud atá ansin i ndáiríre, ach creid uaimse é, cothóidh sé fadhbanna amach anseo.

Gné eile a bhaineann leis na grianghrafanna ná go dtig le strainséir a bheith ag amharc orthu agus aithne súl a chur ar an duine/daoine iontu dá réir.

Cara liom, mar shampla, dúirt sí go raibh sí amuigh sa chathair lá amháin gur chuala sí scata buachaillí ag scairteadh uirthi, agus a hainm ar eolas acu. Níor thuig sí sin, go dtí gur dúirt siad go bhfaca siad ar shuíomh Bebo í.

Tá sin scanrúil, mar léiríonn sé an pointe atá á dhéanamh agam.

Cailltear príobháideachas do shaoil ar an idirlíon, agus uaireanta, ní hé do rogha é, más rud é go bhfuil grianghraf díot ar an idirlíon. D'fhéadfadh an locht a bheith ar do chairde.

Bhíodh an t-am ann nach mbíodh daoine ag iarraidh go nglacfaí grianghrafanna díobh, ach anois, tá baol eile ag baint leis – go mbeadh na grianghrafanna céanna á léiriú in áit fhíor-phoiblí.

Le déanaí, díoladh an suíomh idirlín, Youtube, le Google, ar chostas an-ard ar fad – $1.6 billiún. Suíomh é seo inar féidir leat fístéip a uaschóipeáil saor in aisce, agus breathnú ar na fístéipeanna eile saor in aisce fosta.

Samhlaigh dá mbeadh fístéip duitse ar an suíomh sin, i ngan fhios duit. Cad é mar a mhothófá? Agus an mbeifeá sásta go mbeadh cúpla bomaite de do shaol á léiriú ar an idirlíon?

Is ceist é seo nach bhfuil á cur i láthair na huaire. Tá brabús á dhéanamh ag na suímh seo, agus tá daoine óga ag baint suilt as na háiseanna nua.

Ach i ndáiríre, an bhfuil gá leis go léir?

Nach féidir le daoine óga a saol féin a mhaireachtáil agus gan a bheith ag brath ar an idirlíon mar fhoinse siamsaíochta?

Agus nár cheart go mbeadh dlí ann maidir le grianghrafanna de dhuine a uaschóipeáil, gan chead?

Agus má tá a leithéid de dhlí ann cheana féin, cad chuige nach bhfuil daoine ag cloí leis?

**"Cara liom, dúirt sí go raibh sí amuigh sa chathair lá amháin gur chuala sí scata buachaillí ag scairteadh uirthi, agus a hainm ar eolas acu. Níor thuig sí sin, go dtí gur dhúirt siad go bhfaca siad í ar shuíomh Bebo í."**

**Abair a bhfuil ar do chroí:**

**Cuir téacs chugainn: Text LA + do theachtaireacht chuig 07887995588 (00353 7887995588 ó dheas)**

# BARR AN RANGA

FORLÍONADH OIDEACHAIS



## A2 Aistriúchán Béarla–Gaeilge

# Gan dídean

**Cuirtear Gaeilge ar an sliocht seo a leanas:**

A young man sits on an old box in the doorway of a shop, a paper coffee cup in his outstretched hand, begging for money. Inside the shop is lit up for Christmas although it's not even Hallo'een yet. In the paper coffee cup there is no more than a few cents. A woman comes along and gives him what looks like a few more cents, he arises happily and crosses the street to the pizza shop. I watch him do his business at the counter and he exits the shop again with a slice of pizza in his hand.

A garda arrives, looks around, and walks on. Apparently he's in a good mood tonight as he doesn't ask anyone to move on

Homeless people beg in this street every night because of the crowds going to the pizza parlour - are people a little more generous when they are hungry?

We spend millions of euros every Christmas on food and drink. Last year, over a million euros was spent in one supermarket alone. There are thousand of homeless people in this country – not just at Christmas but all year around. Surely we can do more for them than we presently do.



## AS Aistriúchán Gaeilge–Béarla

# Príomhfhéile na Gaeilge i nDoire

**Cuirtear Béarla ar an sliocht seo a leanas:**

Bhunaigh Conradh na Gaeilge An tOireachtas, príomhfhéile na Gaeilge, in 1887. Féile aon lae a bhí sa chéad Oireachtas. Maireann Féile an Oireachtas deich lá anois. Baineann An tOireachtas le beagnach gach gné den chultúr dúchais – amhránaíocht ar an sean-nós, amhránaíocht aonair, cóir, ceol traidisiúnta, rince, scéalaíocht, agallaimh bheirte, litríocht na Gaeilge, agus reachtáiltear Taispeántais Ealaíne an Oireachtais gach bliain.

Is é an aidhm atá ag an Oireachtas na healaíona dúchais, trí mheán na Gaeilge, a cheiliúradh agus a fhorbairt trí dheiseanna a sholáthar dá lucht praitice le hardchaighdeán a shroichint agus rannpháirtíocht leathan pobail a chothú.

Ceiliúradh atá san Oireachtas ar gach aon cheann de na healaíona traidisiúnta – amhránaíocht, ceol, rince, litríocht, scéalaíocht, drámaíocht, scoraíocht, dreas cainte agus na físealaíona ina measc.

Is maith is cuimhin liom



an chéad oireachtas ar a raibh me - i mBaile Átha Cliath a bhí sé an bhliain sin, mile naoi gcéad seachtó a haon, más buan mo chuimhne. Doiligh a chreidiúint go bhfuil sé cúig bliana is tríocha ó shin - b'fhearr dom gan an bhliain a lua!

Ba ag an Oireachtas sin a chas mé ar Mhicí Sheáin Néill Ó Baoill, an seanchaí mór de bhunadh Rann na Feirste, don chéad uair agus é i mbun scéalaíochta in Ostán an Chaisleáin. Ba ag an oireachtas sin, leis, a chuala mé na hamhránaithe, Seán Ó Liatháin agu Diarmuid Ó Súilleabháin (nach maireann) don chéad uair agus iad beirt i mbun Amhrán an Steampaí – agus lena chois sin, an la céanna, fuair mé greim láimhe ar Chorn Mhig Uidhir don chéad uair – rud ab annamh ag duine de bhunadh Ard Mhacha ag an am.

Bhuel, tá aimsir an Oireachtais buailte linn arís agus is i nDoire a bheas sé i mbliana. Tá Dickie Mac Gabhann, fear de bhunadh na cathrach, ina Uachtarán ar an Fhéile.

Beidh Oscailt Oifigiúil na Féile agus Ceolchoirm Oireachtas na Samhna 2006 ar 6.00in ar an 1ú de mhí na Samhna sa Guildhall, Halla na Cathrach, Doire. Is é John Hume , duine de laochra móra Thuaisceart Éireann, a bheidh ag seoladh na féile go hoifigiúil ag fáiltiú a bheidh á óstú ag a hOnóir an Méara, An Comhairleoir Helen Quigley.

Deich la d'imeachtaí a bheas san Fhéile agus tá teacht ar an chlár iomlán ag www.antoireachtas.ie Beidh Seimineár an Oireachtais ar siúl in Óstán Towers i nDoire ag 11.00rn ar 4 Samhain 2006. Beidh an Gaeloideachas agus Oideachas Gaeltachta ag an mBunleibhéal á bplé ag an seimineár seo. Ar na cainteoirí a bheas i láthair, tá Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta; Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Micheál Ó Broin, Uachtarán Ghaelscoileanna Teo., agus Máire Ní Fhlathartaigh, Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta.

Is sa Calgach Centre a bheas an séimineár.

# Buntús Comhrá – Irish for Beginners

**CEACHT 4**

**Now that you are suitably refreshed after a cup of tea you are up to asking a few questions of your friend who knows a bit more than you do..**

**You want to know how to ask what the Irish word is for 'coat' –**
Cad é an Ghaeilge ar 'coat'?
*Caddge ay an Gaylig air 'coat'?*
(What's the Irish for 'coat'?)

**Your friend tells you. . .**
Cóta an Ghaeilge atá ar 'coat'.
*Cohta an gaylig atah ar 'coat'*
('Cóta' is the Irish for Coat.)

**You are getting more adventurous and you want to know how to say a particular phrase. . .**
Cad é mar a déarfá 'Where is the car?'
*Caddge ay mar ah dairfah 'Where is the car?'*
(How would you say 'Where is the car?')

**Your friend replies ....**
Déarfá 'Cá bhfuil an carr?'
*Dairfah 'Caw will an carr'*
(You would say 'Cá bhfuil an carr?')

**Your friend is getting a little bit fed up with you and says ...**
Nach bhfuil foclóir agat?
*Knock will facklore a-gut?*
(Haven't you got a dictionary?)

**Of course you have. . .**
Tá foclóir póca agam.
*Tah facklore poe-ka a-gum.*
(I have a pocket dictionary.)

**Your friend advises you. . .**
Bain úsáid as!
*Bwin oohshadge ass!*
(Use it!)

**But you have left it at home. . .**
Tá sé sa bhaile.
*Táh shay sa wall-yeh*
(It's at home.)

**Your friend helps out. . .**
Tá foclóir ar an tábla.
*Tah facklore air an tahblah.*

**You are very, very grateful.**
Go raibh míle maith agat.
*Go row meel-la moy a-gut.*

**And it's a very good dictionary. . .**
Tá sé iontach maith.
*Tah shay eentock moy.*
(It's very good.)

**Yes, but it didn't come free. . .**
Bhí ockteh bpunt air.
Vee ochteh bunt air.
It was (cost) eight pounds.

**But you have to go. . .**
Slán agat! (said by the person leaving)
*Slahn a-gut!*
(Goodbye!)

Slán leat! (Said by the person staying).
*Slahn latt!*
(Goodbye.)

**CEACHT 5**

**You have been staying in a guesthouse in the Gaeltacht and on the first morning you are asked what you would like for breakfast. . .**

Cad é ba mhaith leat don bhricfeasta?
*Cadge ay bah why latt done vricfasta?*

**Now don't forget the diet!**
Ba mhaith liom bagún, ispíní, agus ubh.
*Bah why lum bagoon, isspeenee agus ove.*
(I would like bacon, sausages, and egg.)

**And what would you like to drink. . .**
Ar mhaith leat tae nó caife?
*Air why latt tay noh cawfey?*
(Would you like tea or coffee?)

**Of course you always go for the tay. . .**
Tae, le do thoil.
*Tay leh doh hull.*

**And it wouldn't be breakfast without toast. . .**
Arán rósta ?
*Arann rowsta?*
(Toast?)

**Don't forget the diet!**
Píosa amháin, le do thoil.
Peesa awan, le doh hull.
(One piece, please.)

**The diet is really being put under pressure. . .**
Ar mhaith leat rud ar bith eile?
Air why latt rud air bee ella?
(Would you like anything else?)

**Think about it for a while. . .**
Fan go bhfeice mé. . .
*Fan goh veckeh may. . .*
(Wait till I see. . .)

**The diet!!!**
Níor mhaith liom rud ar bith eile. Go raibh maith agat.
*Near why lum rud air bee ella. Gorrah moy a-gut.*
(I wouldn't like anything else. Thanks.)

**They never give up, do they?**
Ar mhaith leat tuilleadh tae?
*Air why latt till-you tay?*
(Would you like more tea?)

**The diet allows it. . .**
Ba mhaith liom leathchupán, le do thoil.
*Bah why lum lah-huppan, le doh hull.*
(I would like a half-cup, please.)

**Here it comes. . .**
Seo duit é.
*Shah ditch eh.*
(Here it is.)

**Manners!**
Go raibh maith agat!
*Gorrah moy a-gut.*
(Thank you.)

**And when leaving the dining room you didn't forget to say. . .**
Slán agat! (said by the person leaving)
*Slahn a-gut!*
(Goodbye!)

Slán leat! (Said by the person staying).
*Slahn latt!*
(Goodbye.)

# BARR AN RANGA

## Litríocht A2 Lá Fhéile Míchíl (4)

le hAodh Ó Murchú



Údar Lá Fhéile Míchíl, Eoghan Ó Tuairisg

Agus fite fuaite sna hargóintí seo, tugtar a lán eolais dúinn faoi Phacaí agus faoi Emmet. Cloisimid faoin chairdeas a bhí eatarthu fadó agus faoin staid in bhfuil siad anois, faoin ghaol idir Nuala agus Emmet agus faoi bhaint éigin idir Maeisí agus Pacaí. Déantar a lán tagairtí fosta don Mère Michelle – gur de mheánaicme na Fraince í, “An craem de lá craem! De Lattre Tassigny”, go raibh sí ina trodaire le linn a hóige, gur Napoleon baininscneach í, gur misteach í, go mbíonn sí ag bogadach thart le paidrín i lámh amháin agus gunna sa lámh eile. Cruthaítear a pearsa dúinn ar an ardán, ina scáile údarásach mhistiúil sa chúlra, cé nach dtagann sí féin i láthair.

Agus nach suimiúil tabhairt faoi deara an dóigh ar fhág an t-údar an carachtar an-tábhachtach seo go dtí an dara gníomh nuair a bheadh spás go leor aige chun áit shuntasach fheiceálach a thabhairt di. Agus siúd í go díreach ag tús Ghníomh a Dó, go maorga státúil, agus an t-ardán ar fad aici di féin ag cur a tréithe agus chumhacht a carachtair i bhfeidhm go láidir agus go drámatúil ar an lucht féachana.

Ag deireadh an chéad ghnímh, tá an-chuid eolais againn ar fad ar an am, ar an áit, ar na carachtair, ar na dílsí éagsúla – agus é sin go léir tugtha dúinn go nádúrtha, ar dhóigh ghasta, ghníomhach, dhrámatúil a chuireann le gluaiseacht an dráma.

Tá gach rud réidh anois chun an tragóid leanúnach stairiúil a léiriú. Na carachtair scoilte ina dhá leath, iad go léir go daingean ar thaobh amháin nó ar an taobh eile den líne chinnte úd a luaigh Pacaí – “I gcónaí bhí an dá shórt (an dá thaobh) ann agus beidh an dá shórt ann i gcónaí.” Leanann na himeachtaí ar aghaidh ar an seanchúrsa cinniúnach úd. Cé go mbíonn seansanna ann agus go dtugtar iarrachtaí ar iad a chur dá dtreoir, leanann siad ar aghaidh go dtí an deireadh dosheachanta dearg.

### An Eaglais agus an Stát

Taobh le taobh leis an lártheama seo, tragóid leanúnach na staire, tá coimhlint eile ag dul ar aghaidh sa dráma, an choimhlint idir an Eaglais agus an Stát, atá le feiceáil go soiler trí phearsa Mère Michelle. Is fo-théama é seo atá chóir a bheith chomh tábhachtach leis an phríomhthéama. Ó thaobh an fhreagracht as an tragóid a tharla a fhágáil ar dhaoine áirithe, d’fhéadfaí a rá go bhfuil sé b’fhéidir níos tábhachtaí.

Seo cogadh príobháideach atá ar siúl idir Mère Michelle agus na fórsaí taobh amuigh a bhfuil na carachtair eile a bhformhór aineolach air. Ach tá tionchar an-láidir aige ar na carachtair chéanna, go háirithe ar Nuala.

Chun an rud seo a thuigbheáil go hiomlán agus a thábhacht a mheas i múnlú na tubaiste a tharla ag an deireadh, caithfimid carachtar Mère Michelle a iniúchadh go grinn.

Deirtear faoi Mère Michelle i nGníomh a hAon gurb í an Eaglais mhíleatach í faoi sciorta dubh. Nuair a thagann sí féin ar an ardán i nGníomh a Dó, feicimid go bhfuil a lán den fhírinne sa ráiteas sin. Thóg sí a hainm ó Naomh Micheál agus, dála an Naoimh, tá sí féin go láidir ar son chúis Chríost. An dóigh a gcuireann an t-údar ina seasamh go minic í faoi scáile na deilbhe, mar a dúirt mé cheana, agus a cros tarraingthe aici mar a bheadh claíomh ann, cheapfá gurbh í scáile an Naoimh í á caitheamh ar an ardán. Agus óna gníomhartha go minic agus óna briathra, tá sí mar a bheadh an Naomh ionchollaithe ann.

Go díreach mar a bhuail Naomh Micheál buille láidir ar son Dé sna Flaithis, tá sise chun buille láidir a bhualadh ar son Dé ar an domhan, an lá féile seo, féile a laoich, sa seanchogadh cathartha, mar a deir sí féin: “An t-aon chogadh cathartha ar fiú trácht air: An seanchogadh: An Eaglais ar thaobh amháin agus an Stát ar an taobh eile.” Nuair a thagann Pacaí thar an bhalla isteach ar thalamh an chlochair, áit a bhfuil sise ina máistreás uirthi, tugtar an seans di a héacht saighdiúrachta féin a dhéanamh: “Inniu, a Mhurtaigh, Lá Fhéile Míchíl, le jour de glóire est arrivé!”

Deirtear sa dráma go bhfuil an dearcadh Eorpach ag Mère Michelle faoi staid na hEaglaise, ’sé sin gur impireacht inti féin í an Eaglais, taobh amuigh de dhlíthe tíre ar bith; gur leis an Eaglais agus leis an Eaglais amháin talamh eaglasta, is cuma cén tír ina bhfuil sé – go díreach cosúil leis na hAmbasáidí inniu. Ba mhaith léi teachtaireacht láidir a chur chuig ionadaithe an Stáit nua seo, nach bhfuil go díreach ach i ndiaidh a theacht ar an saol, nach rithfidh a n-údarás taobh istigh den talamh seo, go mbeidh teorainn le cibé dlíthe nó rialacha a leagfaidh siad síos ag balla teorann an chlochair. Sin an fáth a gcuireann sí “an Tearmann”, seandlí na hEaglaise, i bhfeidhm. De réir an tseandlí seo, bhíodh cosaint le fáil ag duine ar bith a bheadh ag teitheadh ó fhórsaí an Stáit ach é talamh eaglasta a bhaint amach. Nuair a ghlacann Pacaí leis seo, tá sé anois faoi choimirce na hEaglaise agus taobh amuigh d’fheidhmiú an Stáit.

Is cluiche casta atá á imirt ag Mère Michelle. Is mian léi a dearcadh agus a húdarás a chur in iúl do lucht an stáit nua seo ach ní féidir léi cur ina n-éadan go hoscailte ar eagla go gcuirfeadh sí olc orthu agus go gcothódh sí aighneas poiblí idir an Eaglais agus an Stát.


BARR AN RANGA

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Barr an Ranga ag **dominicobrolchain@btinternet.com**




Forlíonadh oideachais Lá gach Dé Máirt

Nótaí Ardteiste




Seolfar ‘Nótaí Ardteiste’ i rith na seachtaine agus súil againn go mbeidh daltaí agus múinteoirí araon ábalta tairbhe chuí a bhaint as an leabhairín. Beidh sé mar áis ar leith agus iad ag ullmhú do na scrúduithe. Dírítear ar an chúrsa litríochta ar fad sna nótaí seo, idir phrós agus fhilíocht.

Cuirfear gach fáltas ó dhíol an leabhair i dtreo an ‘Irish Motor Neuron Disease Association’.

Má tá éinne ag iarraidh a thuilleadh eolais i dtaobh an leabhairín seo, déan teagmháil le ‘Lá’.

Lá

Glac síntiús le Lá inniu!

Síntiús Lá, Teach Basil, 2 Cnoc Bhaile Haine, Béal Feirste BT17 OLT
Fón: 048 (028) 9060 5050. sintius@nuacht.com; www.nuacht.com

**Ainm Custaiméara** Customer name ______

**Seoladh** Address ______

**Banc** Bank ______

**Seoladh bainc** Bank address ______

**Cód sórtála** Sort Code ______ **Uimhir Chuntais** Account number ______

■ **SÍNTIÚS SIOPA** SHOP SUBSCRIPTION*
**£8.50/€12.25 (míosúil**/monthly**) nó £102/€147 (bliantúil**/annual**)**

■ **SÍNTIÚS POIST** POSTAL SUBSCRIPTION*
**Éire, An Bhreatain: £12.30/€14.25 (míosúil**/monthly**)**
**nó £147.90/€171 (bliantúil**/annual**)**

**An Eoraip: €34.50 (míosúil**/monthly**) nó €413.10 (bliantúil**/annual**)**

**SAM/Ceanada: £23.80 (míosúil**/monthly**) nó £285.60 (bliantúil**/annual**)**

**Ón** From ______ / ______ / 2006 **Síniú** Signature ______

**Dáta** Date ______

***Cuir ciorcal thart ar do rogha de théarmaí íocaíochta**

# BARR AN RANGA

## Filíocht

## Nótaí le Pádraig Ó Baoill

# Níl aon ní

## le Cathal Ó Searcaigh

**Cúlra, Teideal agus Téama**
Cuireann an teideal béim ar bhuaic, cruthaíonn sé ceist beagnach gan comhartha ceiste. Is léir go bhfuil grá ag an fhile d'oidhreacht na tíre agus dá cheantar dúchais féin go háirithe. Tá díomá air nach bhfuil a chara ar aon intinn leis. Tugtar faoi deara fosta gur dán pearsanta é seo agus é dírithe ar a stór.

**Mothúcháin**
Tá an grá go mór chun tosaigh sa dán seo agus é ag síniú i dtreonna éagsúla: grá don dúlra, dá cheantar dúchais agus dá chara i mBaile Átha Cliath. Is cinnte go bhfuil frustrachas (nó fearg, b'fhéidir) air lena chara, toisc nach bhfeiceann sé/sí an áilleacht chéanna.

**Léirmheas**
*Línte 1-3:* Tá tús thar a bheith láidir ag an dán seo. Sa chéad cúpla líne seo, tuigtear go bhfuil aigne an fhile ag smaoineamh sa tsárchéim. Beireann sé greim ar a chara/an léitheoir/an t-éisteoir agus éiríonn leis aird an duine a tharraingt ar ábhar an dáin. Le fírinne, is dócha go bhféadfaí línte Uí Shearcaigh a chur i gcomparáid leis an líne ársa ó *Bríd Óg Ní Mháille* ("níl ní ar bith is áille ná …"). Tosaíonn an file le sraith de phictiúir áille a chur os ár gcomhair.

*'Níl aon ní, aon ní, a stór,*
*níos suaimhní ná …'*

An breacsholas i gCaiseal na gCorr agus an smólach i mbun ceoil, cruthaíonn na híomhánna seo draíocht ar leith. Ní hamháin go gcuirtear béim ar an radharc ach cuirtear béim ar an fhuaim chomh maith. Tá sé de bhua ag an fhile go n-éiríonn leis treise a chur leis na nithe seo tríd an dán.

*Línte 4-6:* Úsáideann an file meafar 'bhuicéid na spéire' leis an radharc is aoibhne a léiriú dúinn. Tuigtear go bhfuil lá aoibhinn i gceist aige agus an solas geal ag sileadh ón spéir airgeadúil. Tá fuaim bhog an 's' le sonrú in uaim anseo, rud a chruthaíonn atmaisféar ciúin síochánta.

*Línte 7-9:* Ag an phointe seo, déanann an file iarracht a chara/a ghrá a mhealladh le gealltanas agus an modh coinníollach in úsáid aige. Tuigtear go mbeadh a cheantar dúchais níos iomláine dá dtiocfadh a ghrá leis an aoibheas a roinnt. Is



**Rugadh an file Cathal Ó Searcaigh i Mín na Leagha in aice le Gort a' Choirce, Tír Chonaill, i 1956. Is léir go bhfuil grá mór aige dá cheantar féin agus don dúlra. Bhain sé céim amach i Luimneach, áit a ndearna sé staidéar ar Fhraincis, ar Rúisis agus ar an Ghaeilge. Tá cláir raidió agus teilifíse léirithe aige. D'oibrigh sé mar fhile cónaitheach in Ollscoil Uladh i gCúil Raithin, in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste agus i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Tá clú idirnáisiúnta air mar fhile agus cnuasaigh fhilíochta foilsithe aige. Is file lánaimseartha é anois agus bíonn sé ag taisteal na cruinne is ag léachtóireacht.**

cosúil go mbeadh sé ábalta a stór a chur faoi gheasa lena chaint, rud a léiríonn sé go héifeachtach sa mheafar seo in dhá uaim ('b' agus 'g') san aon líne amháin:

*'bheadh briathra ag bláthú ar ghas*
*mo ghutha'*

Admhaíonn sé fosta anseo, go dtugann a cheantar féin inspioráid iontach dó san fhilíocht agus bláth dúchasach na háite (siolastrach) mar shampla álainn ar a fhocail.

*Línte 10-12:* Cruthaítear íomhá dhraíochta na sí sa rann seo. Tá na fuaimeanna in úsáid ar dhóigh thar a bheith cliste ag an fhile anseo. Ní hamháin go bhfuil an uaim ann idir an litir 'g' agus an litir 'c', ach shílfeá go gcloisfeá na cloigíní ag bualadh de bharr na honamataipé seo idir an dhá chineál 'g'.

*Línte 13-16:* Is ag an phointe seo a dhéantar codarsnacht láidir idir an saol idéalach atá aige ina cheantar dúchais agus saol callánach plódaithe na cathrach i mBaile Átha Cliath. Níl radharc ar bith is fiú a lua ach béim curtha ag an fhile ar an atmaisféar torannach. Feictear go bhfuil béim curtha ar an litir 'b' mar uaim as áit sa dán seo. Tá fuaim níos boirbe leis an 'b'.

*Línte 15-18:* Filleann an file ar íomhánna síochánta a cheantair dhúchais agus críochnaíonn an file ar nóta ciúnais agus aoibhnis. Leis an chomhfhocal 'ciúinchónaí', éiríonn leis an fhile dán ciorclach a chruthú agus é ag pilleadh ar a cheantar féin le 'clapsholas' eile.
Éiríonn le Ó Searcaigh na huamanna agus na gutaí fada a úsáid go héifeachtach le hatmaisféar an tsuaimhnis a athchruthú. Tá pictiúr idéalach cruthaithe dá cheantar féin i dTír Chónaill arís a mheallfadh léitheoir ar bith leis na háiteanna éagsúla a fheiceáil dó/di féin.

**Logainmneacha**
Tá 6 logainm in úsáid i 6 rann sa dán seo. Is léir go bhfuil codarsnacht déanta le rann 5 agus le Baile Átha Cliath. Cinnte, tá tuiscint i bhfad níos cruinne ag an fhile ar an stair, ar an timpeallacht agus ar a chúlra féin. Cuireann sé in iúl dúinn an aithne atá ag Ó Searcaigh ar a cheantar féin, an meas pearsanta atá aige ar a áilleacht agus cruthaítear suaimhneas agus draíocht de shaghas éigin i bhfuaim na bhfocal fosta: Caiseal na gCorr, Inis Bó Finne, Gleann an Átha, Fána Buí, agus Mín na Craoibhe.
Luaitear na háiteanna seo agus mealltar muid lena thuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh fúthu.

**Meadaracht**
Cé go bhfuil saorvéarsaíocht in úsáid ag an fhile, tá struchtúr de chineál éigin air sa dóigh is go bhfuil an dán leagtha amach i rannta. Tugtar faoi deara go bhfuil comhfhuaimeanna ag deireadh na línte, go bhfuil dhá bhéim i gcuid de na línte agus trí bhéim i gcuid eile acu.
Is dócha go dtiocfá a rá go n-oireann an mheadaracht don dán áirithe seo óir léirítear an meas atá ag an fhile ar na sean-nósanna is eile ach go bhfuil saoirse de shaghas eile aimsithe aige ina cheird agus ina cheantar féin.

# Coileach Ghleann Phádraig

## le Biddy Jenkinson

**Príomheachtraí an Ghearrscéil**

- Tá sé de nós ag an scéalaí (tréidlia baineann) cuairt a thabhairt ar an teach tábhairne oícheanta Aoine.
- Cuimhníonn sí ar oíche cheiliúrtha nuair a d'éirigh leis an choileach (Oisín) bonn óir a bhuachan.
- Iarradh ar Sally Tom, úinéir an choiligh, óráid a thabhairt. Baisteadh an 'Coilichín' ar a fear céile as sin amach.
- An oíche áirithe seo, tá Sally Tom ar ais leis an choileach agus í ag iarraidh comhairle a fháil ón tréidlia.
- Tá an coileach tinn, suim ar bith aige sna cearca agus níl sé ag scairteadh ar maidin.
- Ní thuigeann an scéalaí cad go díreach atá cearr leis an choileach ach deir go mbuailfidh sí isteach ar Sally Tom agus í sa cheantar.
- Tarlaíonn don scéalaí a bheith istigh i Murphy's an oíche dár gcionn, nuair a thagann an 'Coilichín' isteach.
- Déantar ábhar magaidh den 'Choilichín' agus de choileach Sally Tom.
- Tagairt ann do mhallacht Phádraig agus tugtar moladh don 'Choilichín' an coileach a chur sa phota seachas a bheith ag íoc táillí leis an tréidlia.
- Seachtain ina dhiaidh sin, tugann an scéalaí agus Jim (mac léinn) cuairt ar Sally Tom leis an coileach tinn a fheiceáil.
- Ní aithníonn Jim cad atá cearr leis an choileach.
- Tagraítear do mhallacht Ghleann Phádraig arís: D'iarr Naomh Pádraig ar bhean a' tí fadó coileach a thabhairt sa teach. Níor ghlaoigh an coileach ar maidin agus chuir Pádraig mallacht ar choiligh na háite.
- Moltar dóibh an coileach a chur faoin leaba agus Sally Tom agus an 'Coilichín' ag déanamh lánúnais le chéile.
- Tugann an scéalaí a breithiúnas do Jim; go bhfuil cró na gcearc dorcha d'aonghnó. Tá an 'Coilichín' ag tabhairt síolta iúir don choileach, rud a fhágann an coileach traochta tuirseach.
- Dóchas ann go mbeidh biseach ar an choileach agus aoibh níos fearr ar an 'Choilichín', leis.

**Téamaí**
Tá roinnt téamaí á bplé ag an údar sa ghearrscéal áirithe seo:

- Is léir go bhfuil nósanna na tuaithe curtha os ár gcomhair.
- Cuirtear tréithe na bhfear i gcoimhlint le láidreacht na mban.
- Feictear go bhfuil traidisiúin an bhéaloidis curtha in achrann leis an eolaíocht ar dhóigh.
- Pléitear téama an ghrá ar shlí atá greannmhar.
- Tá éad agus díoltas le mothú sa scéal fosta.

**Na Carachtair**
*An Scéalaí*

- Is tréidlia baineann atá inti.
- Is cosúil gur bean mheánaosta atá inti agus go bhfuil neart taithí aici ar an saol.
- Is cosúil go bhfuil sí iontach ciallmhar agus tuisceanach ar dhaoine. Aithníonn sí tábhacht an traidisiúin i measc an phobail.
- Tá sí cineálta agus tá meas ag muintir na háite uirthi.
- Is carachtar láidir í agus í breá ábalta seasamh ar a son féin i measc na bhfear.
- Gan amhras, tá féith an ghrinn inti agus baineann sí sult as cuideachta daoine.

*Sally Tom*

- Is bean iontach bródúil í.
- Í an-chainteach
- Is cosúil gurb í atá i gceannas sa phósadh ach ní aithníonn sí go bhfuil neamhaird tugtha aici ar a fear céile.

*An Coilichín*

- Feictear air mar charachtar lag sa scéal seo.
- Ní thugann a bhean chéile mórán airde air.
- Déantar ábhar magaidh dó. Ní thugtar ach an 'Coilichín' air.
- Cé gur fear ciúin atá ann, tá éad agus fonn díoltais ina chroí i rith an ama.

*Jim*

- Mac léinn atá mar chúntóir ag an scéalaí.



**Is ainm cleite é Biddy Jenkinson. Rugadh i mBaile Átha Cliath í sa bhliain 1949. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá a lán leabhar foilsithe aici, drámaí don ardán agus don raidió scríofa aici, gearrscéalta agus cnuasaigh fhilíochta curtha i gcló. Tuigtear go bhfuil sí ina cónaí i gContae Chill Mhantáin i láthair na huaire.**

- An tréidliacht mar ábhar staidéir aige.
- Easpa taithí aige maidir le tuiscint a bheith aige ar dhaoine.
- Taobhaíonn sé leis an eolaíocht i gcoinne an bhéaloidis.

**Tréithe an Ghearrscéil**

- Tús tobann; is beag am a chuirtear amú ar réamhrá.
- Cloíonn an t-údar le téama amháin láidir ó thús go deireadh.
- Bíonn réalachas le feiceáil in ábhar an scéil.
- Bíonn an scéal lom ach lán. Ní bhíonn trácht ar mhionsonraí nach mbaineann leis an téama.
- Uaireanta, baintear úsáid as mionsonraí le teannas a chruthú.
- Ní léirítear carachtair na ndaoine go ródhomhain.
- Dírítear ar ghné amháin den charachtar.
- Tugtar cothrom na Féinne do gach carachtar.
- Tarlaíonn an scéal taobh istigh d'achar gairid agus in aon áit amháin de ghnáth.
- Go minic, bíonn casadh tobann ag an deireadh.
- Cuirtear in iúl mórán i mbeagán focal.

**Stíl Scríbhneoireachta**
Insítear an scéal trí shúile an tréidlia. Glactar an léitheoir isteach sa scéal agus tá stíl inste shimplí dhíreach ag an údar.
Tá an greann go mór chun tosaigh sa scéal seo. Ní hamhain go bhfuil eachtraí an scéil beagáinín áiféiseach, ach cuirtear na carachtair in aithne dúinn ar dhóigh ghreannmhar chomh maith.
Tá sampla eile den ghreann le feiceáil sa dóigh a gcuirtear fiorainm ar an choileach, 'Oisín', ach a bhfágtar fear céile Sally, Tom, leis an leasainm, 'An Coilichín'.
Baineann an t-údar úsáid éifeachtach as an chaint dhíreach, rud a chuireann le dráma na n-eachtraí agus a chothaíonn beocht sa scéal.
Is cinnte go gcruthaítear ardán sa scéal seo leis an choimhlint idir an béaloideas agus an eolaíocht a léiriú go héifeachtach.
Ar ndóigh, ní bhíonn fuascailt na faidhbe ag na saineolaithe i gcónaí.

# BARR AN RANGA

## Bunscríobh: Liostaí focal

**At Foundation Level GCSE (Q1 Writing) you will be asked to write two lists of 5 words each. Some lists your might be asked to write at foundation level:**

### SIOPAÍ

1. Vegetable shop: Siopa glasraí – cabáiste, tornapaí, prátaí, cóilis, (cauliflower) leitís, úlla, oráistí, piorraí, cairéid (carrots), oinniúin (onions)
2. Butcher's shop: Siopa búistéara – feoil (meat), ispíní (sausages), sicín (chicken), stéig (steak), bagún (bacon)
3. Sports' Shop: Siopa Spórt – liathróid (a ball), bróga peile (football boots), bróga reatha (runners), camóg (a camogie stick), camán (a hurling stick), bata leadóige (tennis racquet), bríste peile (football shorts), sciorta spóirt ( a sports' skirt), geansaí peile/spóirt ( a football/sports' top)
4. Jeweller's shop: Siopa Seodóra – slabhra airgid (a silver chain), fáinne óir (a gold ring), bráisléad (bracelet), clog (a clock), uaireadóir (a watch), fáinní cluaise (earrings).
5. Clothes' shop: Siopaí Éadaigh – bríste (trousers), léine (a shirt), sciorta (a skirt), blús (a blouse), stocaí (socks), casóg (a jacket), cóta (a coat), geansaí (a pullover), carbhat (a tie).
6. Grocer's/Supermarket/Sweet Shop: Siopa Grósaera/Ollmhargadh/Siopa Milseán – arán (bread), piseanna reoite (frozen peas), rís (rice), uachtar reoite (ice cream), milseáin (sweets), barra seacláide (chocolate bar), canna cóc (a can of coke), brioscáin (crisps), guma coganta (chewing gum), uibheacha (eggs), trátaí (tomatoes), bainne (milk), málaí tae (tea bags), im (butter)
7. Post Office: Oifig an Phoist – stampaí (stamps), ordú poist (a postal order), litir (letter), clúdach (an envelope), cárta poist (a post card), stampaí teileafóin (telephone stamps), ceadúnas (a licence)
8. Chemist Shop: Siopa Ceimiceora / Poitigéara – piollaí (tablets), taos fiacla (tooth paste), sópa (soap), cumhrán (perfume), buidéal leighis (a bottle of medicine).
9. School Subjects (Learn the subjects you study): Ábhair Scoile – Cuntasaíocht (Accountancy), Ailgéabar (Algebra), Uimhríocht (Arithmetic), Ealaín (Art), An Bhitheolaíocht (Biology), Staidéir Ghnó (Business Studies), An Cheimic (Chemistry), Béarla (English), Litríocht an Bhéarla (English Literature), Tíreolaíocht (Geography), Stair (History), Eacnamaíocht Bhaile (Home Economics), Gaeilge (Irish), Teicneolaíocht an Eolais (IT), Matamaitic (Mathematics), Corpoiliúint (PE), An Fhisic (Physics), Teagasc Críostaí (RE), an scoil (school), scoil (a school), tuairisc scoile (school report), eolaíocht (science), teicneolaíocht (technology).
10. Shops/Siopaí: siopa glasraí, siopa búistéara, siopa ceimiceora / poitigéara, oifig an phoist, siopa grósaera, siopa éadaigh, ollmhargadh.
11. Games / Cluichí: peil (football), iomáint (hurling), rugbaí (rugby), leadóg (tennis), sacar (soccer), eitpheil ( volleyball), eitleog (badmington), cispheil (basketball), líonpheil (netball).
12. Kitchenware/Trealamh Cistine: sceanra - cutlery, scian - knife (pl sceana), forc - fork (pl forcanna), spúnóg - spoon (spúnóga), pláta - plate (plátaí), cupán - cup (cupáin), pota – pot (potaí), taespúnóg - teaspoon, sorn (cooker), doirteal (sink), cuisneoir (fridge), miasniteoir (dishwasher), cófraí (cupboards).
13. Household Furniture/Troscán Tí: tábla/í (table/s), cathaoir/eacha (chair/s), teilifíseán (tv set), bord caife (coffee table), tolg (couch), cathaoir uilleach (armchair), leaba (a bed), almóir (wardrobe), folcadán (a bath), radaitheoir (a radiator), báisín níocháin (a wash basin).

### POST PÁIRTAIMSEARTHA

**Ta muid ar lorg duine óg os cionn cúig bliana déag d'aois le bheith ag obair inár siopa i nDún Geanainn gach deireadh seachtaine óna dó go dtí a deich Dé Sathairn agus óna haon go dtí a cúig Dé Domhnaigh. Ceithre phunt caoga san uair an ráta pá agus beidh lón saor in aisce ar fáil. Más suim leat an post, cuir glaoch ar 9033445566 roimh a sé a' chlog, Luan go hAoine.**

1. Cuir tic leis an fhreagra cheart:
   (a) Beidh an duine ag obair seacht lá.
   (b) Beidh an duine ag obair cúig lá
   (c) Beidh an duine ag obair dhá lá.
2. Cuir tic leis an fhreagra cheart:
   Cá mhéad a bheas ar fáil san uair:
   (a) £2.50 (b) £3.50 (c) £4.50
3. Líon isteach na bearnaí:
   Beidh an duine ag obair
   (a) Ar an Satharn 2in go ____
   (b) Ar an Domhnach 1in go dtí ____
4. When can one ring for information?

### GCSE IRISH ORALS

**Part-time jobs / Work Experience**

1. An bhfuil post páirtaimseartha agat?
   *Tá mé ag obair . . . i siopa, in óstán, i siopa sceallóg, i mbialann, in ollmhargadh . . . mar fhreastálaí*
   *Is maith liom an obair / ní maith liom an obair.*
   *Oibrím in Iúr Cinn Trá . . .*
   *Faighim . . . punt san uair*
2. Cad chuige a bhfuil post páirtaimseartha agat?
   *Tá an post agam le rud beag níos mó airgead póca a fháil le rudaí a cheannach – éadaí agus cluichí ríomhaire, mar shampla. Thig liom dul amach ag an deireadh seachtaine chuig an phictiúrlann.*
   *Sílim go bhfuil sé go maith don airgead póca.*
3. An mbíonn tú ag obair gach lá?
   *Oibrím . . . lá sa tseachtain.*
   *Bím ag obair . . . uair . . . sa tseachtain.*
   *Tosaím ag . . . agus críochnaím ag . . .*
4. An mbíonn tú ag obair ag an deireadh seachtaine?
   *Bím ag obair oíche Dé hAoine . . . ar an Satharn . . . agus Dé Domhnaigh . . .*
5. Cad é a dhéanann tú?
   *Bím ag líonadh seilfeanna le hearraí.*
   *Bím ag díol earraí le custaiméirí . . .*
   *Bím ag freastal ar chustaiméirí . . .*
   *Bím ag glanadh . . .*
6. Cad iad na buntáistí atá le post páirtaimseartha?
   *Ar ndóigh, tá an t-airgead ina bhuntáiste. Is deas an rud cúpla punt a bheith i do phóca agat. Ach taobh amuigh de sin, sílim go gcasann tú le daoine eile agus faigheann tú taithí ar phost a dhéanamh. Caithfidh tú bheith in am agus an obair a dhéanamh i gceart.*
7. An bhfuil míbhuntáistí leis?
   *Glacann sé am agus ní bhíonn am agat d'obair scoile a dhéanamh.*
8. An gcuideoidh an obair leat post buan a fháil san am atá le teacht?
   *Sílim go gcuideoidh sé liom. Cuidíonn sé leat cleachtadh a fháil ar phost a dhéanamh.*

## Scríobh

### Bunleibhéal GCSE

**1. You are working in a supermarket - make a list of five things sold in**
(a) the grocery department
(b) the butchery department

**2. You were working around the house last weekend. . .**
Write an account in five sentences of what you did.

### Scríobh: Bun go hArdleibhéal

**3.** Write a letter (90 - 100 words) to a friend about your new part time job. Include the following points:
- where you are working
- what you did yesterday at work
- what you will do tomorrow at work
- what the pay's like
- what you think of the work

### Scríobh: Ardleibhéal

**4.** Fuair tú post páirtaimseartha nua. Scríobh litir chuig do chara ag insint dó/di faoin phost nua. Luaigh na pointí seo a leanas i do litir:
cá bhfuil tú ag obair anois
cad chuige ar bhog tú chuig an phost nua
cad é a dhéanann tú sa phost nua
an bhfuil an post nua níos fearr ná an seanphost
cad chuige
cad é a bheidh tú ag déanamh

## CEA/GCSE Irish

**What will I have to do in the exam? A presentation is a short prepared talk about a topic of your choice o You will have to talk for 1 minute at Foundation Level or 2 minutes at Higher Level.**

You may write five short headings, to help you with your presentation, on the Proforma provided by CCEA in advance.

You may only write headings to help you remember what you want to talk about.

At Foundation Level, the five short headings should not contain more than five words each (Maximum 25 words).

At Higher Level, the five short headings should not contain more than six words each (Maximum 30 words).

You may look over the Proforma during your preparation time, and you may bring this into the exam with you.

You are not allowed to make additional notes on the Proforma for your presentation.

You are not allowed the use of a dictionary during your preparation time.

**How will the Presentation be marked?**
As you can see, since you are allowed to choose your own topic and have plenty of time to plan this before the exam, you will be expected to be accurate.
You will also need to show that you can use certain vocabulary and tenses, depending upon what grade you are aiming for, so you must plan your presentation with this in mind.
For example: Grade C – you must show that you can talk about past, present and future events, and express personal opinions. Your pronunciation and intonation should generally be accurate.

Grade A - you must show that you are able to narrate events, and express and justify ideas and points of view, using a variety of vocabulary, structures and verb tenses. You should speak confidently, with good pronunciation and intonation.

**Useful tips for revision:**
Choose your topic. This is your choice, so choose something:

(i) from the specification;

(ii) that interests you; (eg, your family/pet/hobby/a holiday/concert/sports event you enjoyed. If you are talking about something you enjoy, then your presentation will be more interesting to plan.)

(iii) that you have plenty to say about. (It might not be wise to choose something for which you need very complicated or unfamiliar vocabulary. If you do this it will make both your planning and memorizing very difficult, and you will not necessarily be awarded any more marks.)

If you plan with all three of the above points in mind, you should do well.

Collect all the familiar language you can about this topic from your vocabulary notebook, textbook, handouts, pieces of writing you have already done. (This will give you a good starting point, for ideas about what you could say, and for how you could get your ideas across in Irish. These sources will have lots of useful vocabulary, phrases and sentences of which you can make use.

If you want to be more ambitious you could use information from real life sources, such as Irish magazines, brochures or websites, although you do not have to do this in order to do well.)

Start to plan your presentation. (Try to do it in Irish. You could start with a "spider plan".)

Put your ideas in order using headings. (You might find it useful to use the same headings later on your proforma.) Plan your introduction. (It should contain a summary of what you intend to say.)

Write out some sentences or a paragraph for each heading. (The vocabulary and texts you collected will help you.) Check this for mistakes. (It is important to do this before you start to practise or learn your presentation, as you want to be sure that what you are learning is correct.) Time yourself delivering the presentation. (Remember what length you are aiming for and stick to it! You will not achieve well if your presentation is too short.)

Equally, it should not be too long. You must follow your presentation with a conversation, so do not tire yourself out and start making mistakes. You will not be awarded any more marks for going over time. Part of the skill in doing a presentation is to do so within the time allowed. Record your presentation onto a cassette
Listen to the cassette as often as you can.

**Suggested Titles** Here are some examples of titles you could use for a presentation. You do not have to use these, as you may choose any topic you wish from the CCEA GCSE Specification, nor do you have to follow the layout given. If you want to do well, remember to check the Grade Criteria to make sure that you have addressed them.

**My Best Friend** (male/female)
What does he/she look like? What kind of a person is he/she? What does he/she do in his/her spare time? What did you both do last weekend? What have you planned for next weekend? Why do you get on well together?

**My Pet**
What is his/her name? How old is he/she? What does he/she look like? Where does he/she live? What does he/she like doing? When did you get him/her? o How do you find him/her?

**My House**
Where is your house? Describe your house (How big is it? How many rooms are there? Is there a garden, a garage?) How long have you lived there? What do you like/dislike about your house? Why? Would you like to live here for ever?

**My Favourite Hobby**
What is your hobby/pastime? How often do you spend time on your hobby? When and with whom do you do your hobby? Have you ever won something? What do you plan to do this weekend? Whay do you like this hobby?

**My Favourite Singer**
Where was he/she born? Describe him/her. What kind of a person is he/she? Have you ever seen him/her in concert? o Why do you like him/her?

# Gaeil sa phictiúr



Seán de Paor, Príomhoide Ghaelscoil Chill Dara agus Carmel Nic Airt, Cathaoirleach an Fhorais Phátrúnachta.



Esther Gobl Uí Nualláin, Cathaoirleach Chomhluadair/Stiúrthóir an Fhorais agus Colm Ó Tuathaláin, Stiúrthóir an Fhorais



Dónall Ó Conaill, Stiúrthóir/Rúnaí an Fhorais, Caoimhe Máirtín, Oideachasóir agus Aoi-chainteoir na hoíche



Séamus Ó Canainn, Príomhoide Ghaelcholáiste Chill Dara agus Séamas Ó Súilleabháin, Stiúrthóir an Fhorais Phátrúnachta.



Conchúr Mac Mathúna, múinteoir ceoil i nGaelcholáiste Chill Dara agus Tomás Ó Póil, Cathaoirleach an Ghaelcholáiste, ag seinnm an cheoil ag ócáid Chomhdháil an Fhorais Phátrúnachta.



Aine Ní Chanainn agus Séamus Ó Canainn, scoláirí ag Gaelscoil Chill Dara, Esther Ní Chonchradha, múinteoir i nGaelscoil Chill Dara agus Amanda Ní Dhuibhir, Leasphríomhoide Ghaelcholáiste Chill Dara.

## Fógraíocht


**Caint Phoiblí**

ó Sheán Ó hArrachtáin

SHELL CHUN SÁILE

(ag taisteal ó Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo)
leis an scéal is deireanaí ó Ros Dumhach
i gClub Chonradh na Gaeilge
6 Sráid Fhearchair, BÁC 2
ar 8.30in
ar an gCéadaoin, 25 Deireadh Fómhair 2006

Cathaoirleach:
**Tomás Mac Síomóin**

Fáilte roimh chách
Sólaistí ar fáil

Á eagrú ag **An tIonad Buail Isteach**

Tuilleadh eolais:
087-2583067

**Bí ann agus tacaigh le Gaeltacht Mhaigh Eo**




Seirbhís fógraí pleanála Lá

Tá an nuachtán Lá aitheanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar cheann de na foilseacháin ar féidir fógraí pleanála a fhoilsiú iontu. Tuilleadh eolais ar fáil ach labhairt le Bernie ag 074 9560344 nó ríomhphost a sheoladh

Lá

Tá Lá – Nuachtán laethúil Gaeilge an Domhain – ar fáil ar fud na cruinne ar lá a fhoilsithe. Foilsítear leagan leictreonach de leathanaigh an nuachtáin ag:
**www.nuacht.com**



## Teilifís

### RTÉ1

5.50 Dr Phil
6.30 Doctors
7.00 The Bill
7.25 Euro News
7.40 Neighbours
8.05 Ros na Run
8.35 The Afternoon Show
10.00 Seoige & O'Shea
10.55 Dr Phil
11.45 Shortland Street
12.15 Doctors
12.45 Telly Bingo
1.00 RTE News: One O'Clock
1.25 Home and Away
1.55 The Restaurant
2.25 EastEnders
3.00 The Afternoon Show
4.30 Seoige & O'Shea
5.20 Nuacht RTE
5.30 The Bill
6.00 The Angelus
6.01 RTE News: Six One
7.00 The Dealers
7.30 EastEnders
8.00 Fair City
8.30 About the House
9.00 RTE News: Nine O'Clock
9.30 Prime Time
10.15 Raging Bulls
11.00 The View
11.45 RTE News
11.50 Oireachtas Report
12.15 Guide to Words and Numbers
12.45 Boston Legal
1.40 Scannán: Pretend you don't see her (2004)
3.30 Da Vinci's Inquest

### RTÉ2

6.00 Noah's Island
6.25 The Morbegs
6.40 Horrible Histories
7.05 Teenage Mutant Ninja Turtles
7.35 Wakey Wakey
8.00 Jimmy Neutron Boy Genius
8.25 Cyborg 009
8.50 Roobarb and Custard Too
9.00 Den Tots
9.25 Bear in the Big Blue House
9.55 Storylane
10.00 Barney and Friends
10.30 Picme
10.40 Tweenies
11.05 The Save'ums
11.15 Andy Pandy
11.20 The Morbegs
11.35 Little Monsters
11.40 Make Way for Noddy
11.50 Little Robots
12.00 George Shrinks
12.30 Fifi and the Flowertots
12.40 Balamory
1.00 Bear in the Big Blue House
1.25 Storylane
1.30 Barney
2.00 Picme
2.05 Pocoyo
2.15 Corneil and Bernie
2.40 The Club
2.50 Winx Club
3.20 Planet Sketch
3.35 Yu-Gi-Oh! GX
4.00 Ed, Edd 'n' Eddy
4.30 Drake and Josh
5.00 Dustin's Daily News
5.20 news2day
5.35 TTV: Neighbours
6.00 TTV: The Simpsons
6.30 TTV: Home and Away
7.00 Seconds from Disaster Fire on the Ski Slope
8.00 Cherub of the Mist
9.00 CSI - Double Bill
10.55 The Podge and Rodge Show
11.20 RTE News on Two
11.50 Reunion
12.45 Scannán; Get Over It
2.20 Scannán: Earth
3.40 Relative Strangers
4.40 Nightscreen

### BBC1

6.00 Breakfast
9.15 Animal Park
10.00 Escape to the Country
11.00 Homes under the Hammer
11.30 Car Booty
12.15 Cash in the Attic
1.00 BBC News
1.30 Regional News and Weather
1.40 Neighbours
2.05 Doctors
2.35 Murder, She Wrote
3.20 BBC News
3.25 CBBC
5.00 Blue Peter
5.25 Newsround
5.35 Neighbours
6.00 BBC News and Weather
6.30 BBC Newsline
7.00 Watchdog
7.30 EastEnders
8.00 Holby City
9.00 The Amazing Mrs Pritchard
10.00 BBC News
10.35 Spotlight
11.05 Imagine
12.15 Ramadan: Boyz Allowed - New Voices of Islam
12.45 FILM: The Sunshine Boys (1975)

2.40 Sign Zone: Beyond Boundaries: The African Challenge
3.40 Sign Zone: A Week of Dressing Dangerously
4.10 Sign Zone: To Buy or

### BBC2

7.00 CBeebies
8.00 CBBC
9.45 Only in America
10.20 Fairly Odd Parents
10.30 Even Stevens
11.00 Thunderbirds
11.50 Small Town Gardens
12.00 The Daily Politics
12.30 Working Lunch
1.00 Snooker: Grand Prix
5.15 Weakest Link
6.00 Eggheads
6.30 Strictly Come Dancing
7.00 Snooker: Grand Prix
8.00 How to Watch Wildlife
8.30 Digging Deep
9.00 Horizon
9.50 Iraq: A Doctor's Story
10.30 Newsnight
11.20 Snooker: Grand Prix
12.10 Snooker Extra: Grand Prix
2.00-6.00 BBC Learning Zone

### UTV

6.00 GMTV
9.25 The Jeremy Kyle Show
10.30 This Morning
12.30 Loose Women
1.30 ITV Lunchtime News
2.00 The Price Is Right
2.30 Crime Hour: Midsomer Murders
3.30 Pocoyo
3.35 Curious George
3.50 Tricky Quickies
4.00 Grizzly Tale
4.15 Bel's Boys
4.30 The Sharon Osbourne Show
5.30 UTV Live
6.00 UTV Live at Six
6.30 ITV Evening News
7.00 Emmerdale
8.00 Trinny and Susannah Undress
9.00 Bon Voyage
10.30 ITV News
11.00 Afterlife
12.00 Motorsport UK
12.40 ITV Play: The Mint
3.45 Mum's On Strike
4.20 Date My Daughter
5.00 ITV Nightscreen
5.30 ITV Early Morning News

### C4

6.05 Making It
6.10 The Hoobs
7.00 Freshly Squeezed
7.25 Friends
7.55 Everybody Loves Raymond
8.25 Will & Grace
8.55 Frasier
9.25 King Of The Hill
9.55 Small Railway Journeys
10.15 FILM: Thunderbirds Are Go (1966)
12.00 News At Noon
12.30 Headland
1.30 Seaside Secrets
1.50 FILM: Moonrise (1948)
3.30 Countdown
4.15 Deal Or No Deal
5.00 The New Paul O'Grady Show
6.00 The Simpsons
6.30 Hollyoaks
7.00 Channel 4 News
7.55 The Political Slot
8.00 It's Me Or The Dog
8.30 Cooking It
9.00 Supernanny
10.00 Celebrity Sex Tapes Unwound
11.05 FILM: Dead Man's Shoes
12.45 FILM: The Eye (2002)
2.40 FILM: Breaking The Waves
5.20 Thunder Races

### TV3

6.20 Eircom League Weekly
7.00 Ireland Am
10.00 Family Affairs
10.30 The Box
11.00 All Saints
11.55 House Doctor
12.25 Family Affairs
12.55 Ricki Lake
1.40 The Oprah Winfrey Show
2.35 The Look For Less
3.00 How Clean Is Your House?
3.30 Hollyoaks
4.00 Coronation Street
4.30 Coronation Street
5.00 Judge Judy
5.30 News @ 5:30
6.00 Hollyoaks
6.30 News @ 6:30
7.00 Emmerdale
7.30 Popcorn
8.00 Nanny 911
9.00 Extreme: Skinny Celebrities
10.00 The Box
10.30 Will & Grace
11.00 News Tonight
11.30 Sports Tonight
11.55 Popcorn
12.25 Strong Medicine
1.20 Dragnet
2.10 The Oprah Winfrey Show
3.05 Close

### TG4

07:00 **Euronews**
07:40 **Doodlebops**
08:05 **Cúla 4 na nÓg**
Bain sult as maidin Spraíúil in éineacht le Tec, Dora agus na Dragain go léir!
08:06 **Tec an Tarracóir**
08:20 **Dora**
08:45 **Scéalta an Dragúin**
09:00 **Cedric**
09:15 **Euronews**
10.30 **George Lopez**
10:30 **Paisean Faisean** Beidh Aoife i mBaile Átha Cliath do chlár an lae inniu. Is í Katel Boyle, múinteoir, as Co. Chill Dara, aoi an lae inniu a bheidh ar thóir grá, agus is iad na fir a bheidh ag iarraidh í a mhealladh ná Tomás Madigan, Marc Ó Cathasaigh agus Diarmaid Ó hAinifidh.
11:30 **Two and a Half Men** (TS)
11:55 **An Aimsir Láithreach**
12:00 **Movie an Lae: Hearts of The West (1975) I**s iad Jeff Bridges, Andy Griffith, Donald Pleasence, Blythe Danner agus Alan Arkin na príomhaisteoirí sa scánnán seo faoi stiúir Howard Zieff. Téann fear ar mhaith leis dul le scríbhneoireacht go Hollywood agus trí thimpiste, tosaíonn sé ag obair mar fhear cleasa i scannáin bhuachaillí bó.
.13:55 **Classic Cartoons**
14:05 **Doodlebops**
14:30 **Cúla 4**
Neart craice agus spraoi le Hiúdaí agus Sharon Ní Loideáin i Stiúideo Cúla4, an tseachtain seo.
14:31 **Clifford** (TS)
14:45 **Tec an Tarracóir**
15:15 **Dora**
15:40 **What's New Scooby Doo?**
16:05 **Codename KND**
17:00 **Romeo**
17:20 **Spongebob Squarepants**
17:35 **Síle**
18:05 **The OC**
18:57 **An Aimsir Láithreach** Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.
19:00 **Nuacht TG4** Mórimeachtaí an lae ó Aonad Nuachta TG4.
19:26 **An Aimsir Láithreach** Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.
19:30 **Greyhound View**
20:00 **Sé mo laoch: Sarah Anne O'Neill**
20:30 **Ros na Rún:** Tá an t-uafás imní ar Chonall de bharr go bhfuil an coirpeach O'Dowd ar ais ar an mbaile agus tá imní air go n-iompóidh sé arís ar shaol na coiriúlachta dá bharr. Insíonn Anne Marie dó go bhfuil sise faoi chumhacht ag O'Dowd chomh maith agus go bhfuil sé ar intinn aici teitheadh chun na hAstráile. Bíonn Conall ag iarraidh dul in éineacht léi. *Le Tacaíocht ó Gael Linn*
21:00 **FFC** (OS)
Tháinig Cynthia ar an airgead chun FFC a shábháil. Cén fáth an mbeadh sí ag íoc pá mór leis na hoibrithe má tá sí in ann oibrithe as an Albáin a fhostú ar chostas níos ísle?
21:30 **An Aimsir Láithreach** Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.
21:35 **Scannán na Seachtaine: Mc Q** (1974) Is iad John Wayne, Eddie Albery agus Diana Muldaur na príomhaisteoirí sa scannán seo faoi stiúir John Sturges. Fiosraíonn an leifteanant Lon McQ dúnmharú an chara ab fhearr aige agus tagann sé ar phóilíní a bhíonn ag plé le drugaí.
23:35 **Séideán Staire: Death of an Icon** (OS)
Bhí saol, pearsantacht agus tallann eisceachtúil acu. Bhí na héachtaí a bhain siad amach as an ngnách. Ba réaltaí a bhí iontu i saol na polaitíochta, i saol na n-ealaíon agus sna pictiúrlanna. Réaltaí ceoil, faisin agus spóirt a bhí iontu. Bhí grá ag daoine dóibh agus fuath ag daoine eile dóibh.
Sa chlár seo, caithfear súil ar shaol Sharon Tate
00:35 **An Aimsir Láithreach** Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.
00:40 **Nip/Tuck**
01:35 **Nip/Tuck**
02:30 **Euronews** Cainéal nuachta na hEorpa.
06:58 **Deireadh Craolta**



**TG4 Death of an Icon 23:35in Saol agus bás uafásach an mhainicín, Sharon Tate, a bheidh á fhiosrú an tseachtain seo.**

## Raidió

### RTÉ Raidió na Gaeltachta

06:30 **Nead na Fuiseoige**
Ceol agus amhráin le Gráinne Ní Dhomhnaill. 7.00am Ceannlínte na Nuachta agus na Gaeltachta.
07:30 **Adhmhaidin**
Nuacht agus cúrsaí reatha 7.30am, 8.00am, 8.30am, 9.00am Nuacht. 7.45am, 8.57am Tuairisc Spoirt.
09:15 **Cúrsaí an Lae**
Clár irise á chur i láthair ó Chasla ag Neasa Ní Chualáin.
10:30 **I gCeartlar na nDaoine**
Iris Mhaigh Eo á chur i lathair ó Chaisleán an Bharraigh ag Ciarán Ó Fatharta.
11:00 **Priomhscéalta** na Nuachta
11:02 **Barrscéalta**
Clár irise, á chur i láthair ó na Doirí Beaga ag Áine Ní Churráin.
12:00 **Príomhscéalta na Nuachta** agus na Gaeltachta
12:08 **An Saol ó Dheas**
Clár irise, á chur i láthair ó Bhaile na nGall ag Micheál Ó Sé.
12:55 **Tuairisc Spóirt**
13:00 **Nuacht a hAon**
Á chur i láthair ag Bríd Ní Dhonnchú.
14:00 **Ardtráthnóna**
á chur i láthair ó Chasla ag Máirtín Tom Sheáinin Mac Donncha.
15:00 **Ronán Beo**
16:00 **Príomhscéalta na Nuachta** agus na Gaeltachta
16:08 **Camchuairt**
Imeachtaí agus fógraí na Gaeltachta, á gcur i láthair ó Bhaile na nGall ag Pádraig Ó Sé.
18:00 **Nuacht a Sé**
18.06pm Nuacht na Gaeltachta.
18:30 **An Chaint sa Chathair**
Clár irise á chur i láthair ó Bhaile Atha Cliath.
19:00 **Lán a' Mhála**
Clár ceoil á chur i láthair ag Mairtín ó Fatharta.
20:00 **I Measc na nDaoine**
Clár comhrá agus seanchais le pobail éagsúla ar fud na Mumhan, á chur i láthair agus á léiriú ag Dara Ó Cinnéide agus Jeaic Ó Muircheartaigh.

**Anocht FM**
21:00 **Géill Slí**
Clár ceoil agus cainte do dhaoine óga á chur i láthair beo ag Gemma Ní Chionnaith.
23:00 **An Taobh Tuathail**
Nua-cheol na cruinne á chur i láthair ag Cian Ó Ciobhain.

01:00 **Cúrsaí an Lae**
02:15 I gCeartlar na nDaoine
02:45 Barrscéalta
03:45 An Saol ó Dheas
04:30 Ardtráthnóna
05:30 Rónán Beo@3

### 107.1 fm Raidió Fáilte

07-30 **Maidin Mhaith Bhéal Feirste**
Nuacht na maidine agus na nuachtán le hEoghan Ó Neill
09.00 **An Chuid Is Fearr:**
Athchraoladh rogha is togha na míreanna ón lá inné.
11:00 **Ardán na Maidine**
Ardán do dhaoine, d'eagraíochtaí Gaeilge agus do ghrúpaí pobail. Ar maidin inniu: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
12:00 **Iris am lóin**
Scéalta nuachta an lae de réir mar a tharlaíonn siad.
13:30 **Suaimhneas an Iar nóin** le Marcas Ó Cinnéide
15:30 **Imeachtaí iarscoile**
Am do na daltaí scoile is do na mic is na iníonacha léinn tiúnáil isteach!
16:00 **Ardán san iarnóin**
Ardán do dhaoine, d'eagraíochtaí Gaeilge agus do ghrúpaí pobail
Le hAoife Ní Riain
17: 00 **Fócas**
Sa chlár seo, cíortar ábhair éagsúla - inniu, cúrsaí ealaíon le Pilib Mac Cathmhaoil agus Sinéad Ingoldsby.
18:00 **Rogha an lae:**
Ceol á chur i láthair ag láithreoirí éagsúla.
Inniu: Clara Ní Ghiolla
19:00 **Mo Rogha**
Ceol agus caint le Roisín Ní Ghadhra
20:00 **Tog go bog é:**
Le Ciarán Ó Pronntaigh
22:00 **Éist linn arís**

### Raidió na Life 106.4 FM

16.30 **An Meangadh Mór**
18.00 **Ón Astráil Aníos**
18.30 **Clár na Rudaí Beaga**
19.00 **Nuacht & Aimsir**
19.04 **Clár na Rudaí Beaga**
19.30 **Idir Eatarthu**
20.00 **Nuacht & Aimsir**
20.04 **Fios Feasa**
21.00 **Salsa Pa Ti**
22.30 **Siosma**
00.00 **Ar imeall na fichiú haoise**
01.30 **Siansa Ceoil**
03.30 **Aschur an Lae**
08.00 **Deireadh Craolta**

Más mian leat fógra a chur sa spás seo labhair le Bernie ag

074 9560344

Lá

# AR AN LÁ SEO

DMGC
24
Deireadh Fómhair

## Na Náisiúin Aontaithe




**Saighdiúir in Arm na hÉireann ar misean de chuid na Náisiún Aontaithe.**

Ar an lá seo sa bhliain 1945, bunaíodh na Náisiúin Aontaithe, comharba Chonradh na Náisiún, i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda.

Ghlac an tromlach leis gur theip ar Chonradh na Náisiún ina sprioc, sé sin cogadh a chur ar ceal mar ghléas réitithe achrainn agus conspóide idir thíortha, agus nuair a rinne an Iodáil agus an tSeapáin, gan iomrá ar an Ghearmáin, neamhiontas iomlán den eagraíocht, bhí deireadh i ndán di.

Aithnítear an difear mór idir an Conradh agus na Náisiúin Aontaithe (NA) sa mhéid agus go bhfuil sé ar chumas na NA airm a chuid ballstát a threorú agus a chur amach mar choimeádaithe na síochána ar fud na cruinne.

Agus is minic a tharla seo le breis agus trí scór bliain ó bunaíodh an eagraíocht.

Go deimhin, tá stair fhada uasal ag ár dtír féin, Éire, sna gníomhaíochtaí síochána seo thar sáile.

Is féidir a rá, le blaisín beag den íoróin, gurb iontach iad na hÉireannaigh ag coinneáil na síochána thar lear, ach nach bhfuil siad chomh maith sin sa bhaile ag déanamh an ruda chéanna.

Tá na Náisiúin Aontaithe rialaithe ag cairt a mbunaithe, a socraíodh ar an lá seo.

Tá an tsíocháin dhomhanda ina sprioc ag na Náisiúin Aontaithe, agus tá go leor a déarfadh gur theip ar an eagraíocht sin a chur i bhfeidhm.

Ach caithfear a admháil gur sprioc í seo atá deacair a bhaint amach agus tú ag plé leis an chine daonna.

Samhlaigh tú féin i do shuí in oifig lán daoine, nó ar láithreach oibre ar bith eile, is minic a thagann tú ar dhuine ar mhaith leat greadadh breá a thabhairt dó, ach tá rud éigin sa nádúr a chuireann srian ar an mhian seo.

Sin duine aonair, samhlaigh más tír mhór thú agus airm agat, agus fuath agat ar do chomharsa.

Nuair a amharcann tú an tslí sin air, tá bullaí jab déanta ag na Náisiúin Aontaithe, agus go leor daoine beo anois nach mbeadh ann murach é.

## HAIKU AN LAE

le **Gabriel Rosenstock**



spéir dhubh
srónacha dearga
agus sneachta

– *René Maublanc*

# AthLá



www.nuacht.com
Lá
NUACHTÁN LAETHÚIL NA GAEILGE

acmhainn eagna | www.acmhainn.ie
BAILE
"Tóg is deasaigh do theach i gcomhair na síoraíochta fiú dá mb'eol duit go n-éagfá amárach.."
Stiofán Mac Enna, Mo Chara Stiofán
Cuardaigh nuathéarmaíocht na Gaeilge ar **www.acmhainn.ie**

Iml 27 Uimh 206 | Dé Luain 23 Deireadh Fómhair 2006 | Praghas molta miondíola LÁ: (Poblacht na hÉireann) 80c | 80c / 50p

**LáGonta**

**Tá maoiniú fógraithe inniu le cabhair a thabhairt do phríosúnaigh agus d'iar-phríosúnaigh as Ciste na gCuntas Dímhaoin.**
Funding has been announced today from the dormant accounts fund to benefit prisoners and former prisoners. → 2

**Tá gradam raidió PPI bainte ag Mairtín Jaimsie Ó Flatharta (ar dheis) as clár, Seachtar Laoch, clár inar thug an léiritheoir cuairt ar Phriosún Chill Mhaighneáin agus cillíní cheannairí 1916.**
Mairtín Jamesie Ó Flatharta's moving tribute to the heroes of 1916 has been recognised with a prestigious PPI Award at a ceremony in Dublin. → 3

**Díríonn Seán Ó Tuairisg a aird ar Clare Short agus an beath aisnéis tráthúil atá foilsithe aici - An Honourable Deception - leabhar ina chéasann sí Príomh Aire na Breataine as a 'bhréaga' faoin Iaraic agus a chlaonadh chun deachtóireachta.**
Seán Ó Tuairisg turns his attention to Clare Short, the former British cabinet minister who resigned over the ongoing Iraqi debacle, as she publishes a damning book on the record of Tony Blair whom she accuses of lying and 'dictatorial' tendencies. → 4

**Aire na deighilte**

**Leatrom ar phátrún 51 gaelscoil curtha i leith na Roinne**

Le **Concubhar Ó Llatháin**

Tá dlíodóirí ag réiteach cáis in éadan an Roinn Oideachais de bharr thacaíocht cíosa is cóirithe a bheith séanta ar Ghaelcholáiste i gCill Dara.

Tháinig an t-eolas seo chun solais ag cruinniú bliantúil Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán- Ghaeilge a reachtáladh ar an gCurrach ag an deireadh seachtaine.

Agus anuas ar sin, tá cáineadh géar déanta ag Carmel Nic Airt, cathaoirleach an Fhorais, ar an Aire Oideachais, Máire Ní hAinifein, as neamhiontas iomlán a dhéanamh ar an bhForas agus arduithe deontais á thabhairt do phátrúin eile an Nollaig seo caite, ina measc, Educate Together, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann agus Eagras Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha.

**Tá éagóir á déanamh ag an Aire Oideachais ar dhaltaí Gaelcholáiste Chill Dara agus gaelscoileanna faoi choimirce an Fhorais Phátrúnachta trí cheile, liamhnaíodh ag an deireadh seachtaine..**
Education Minister Mary Hanafin is discriminating against the children of Gaelcholaiste Chill Dara and gaelscoil pupils in general through her refusal to grant additional funding to Foras na Patrúnachta.

mbeadh pátrún a thuig an riachtanas le héiteas láidir teanga agus a ghlac le scoileanna ilchreidmheacha is idirchreidmheacha faoina choimirce.

Cé go bhfuil 51 gaelscoil faoi chúram an Fhorais, de bharr laghad an deontais atá á fháil acu ón Roinn, an deontas céanna ó bhí 1999 ann, níl sé d'acmhainn acu fiú

**Lá breithe shona (101), a Bhríd**

**Cheiliúir Bríd Mhic Aoidh ó Mhín an Chraoibhe in Anagaire a 101ú lá breithe Dé hAoine. Sa phictiúr léi tá a hiníon Lilly agus fear céile s'aici, Michael.** Pic: Eoin Mac Garbheith

Tá dlíodóirí ag réiteach cáis in éadan an Roinn Oideachais de bharr tacaíocht cíosa is cóirithe a bheith séanta ar Ghaelcholáiste i gCill Dara.

Tháinig an t-eolas seo chun solais ag cruinniú bliantúil Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán- Ghaeilge a reachtáladh ar an gCurrach ag an deireadh seachtaine.

Rinne Carmel Nic Airt, cathaoirleach an Fhorais, cáineadh géar ar an Aire Oideachais, Máire Ní hAinifein, as neamhiontas iomlán a dhéanamh den Fhoras agus arduithe deontais á dtabhairt do phátrúin eile, an Nollaig seo caite, ina measc, Educate Together, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann agus Eagras Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha.

"Ní hé is go bhfuilimid ag gearán go bhfuair na pátrúin sin ardú deontais, ach ní bhfuaireamar ardú ar bith," arsa an Bhean Uasal Nic Airt.

"Agus nuair a d'iarramar cruinnithe chun seo a phlé, ní bhfuaireamar fiú amháin diúltú ón Aire; níor aithníodh fiú go ndearnamar an t-iarratas!"

Tá 51 gaelscoil faoi phátrúnacht an Fhorais, a bunaíodh i 1993 le go mbeadh pátrún ann a thuigfeadh an gá le héiteas láidir teanga agus a chuirfeadh scoileanna ilchreidmheacha is idir-chreidmheacha faoina choimirce.

Cé go bhfuil 51 gaelscoil faoi chúram an Fhorais, de bharr laghad an deontais atá á fháil acu ón Roinn, an deontas céanna ó bhí 1999 ann, níl sé d'acmhainn acu fiú oifig a fháil ar cíos don stiúrthóir atá acu.

Tá Dónall Ó Conaill faoi láthair ag baint úsáide as seomra ina theach mar oifig.

Anuas air sin, anois, tá ar an Fhoras costais chíosa Ghaelcholáiste Chill Dara a íoc as an mbuiséad atá ag an Fhoras - €62,057 san iomlán, €40,000 ón Roinn agus an chuid eile ó iarrachtaí bailiú airgid na ngaelscoileanna atá faoi choimirce an Fhorais féin.

"Tá 66 dalta ag freastal ar an nGaelcholáiste seo - cuid acu a bheidh ag tabhairt faoin Teastas Sóisearach i mbliana, an chéad uair ag daltaí ón nGaelcholáiste seo tabhairt faoina leithéid.

"Tá airgead atá á bhailiú ag tuismitheoirí - agus a bheadh in úsáid le haghaidh acmhainní oideachais ag gach iarbhunscoil eile sa tír - á íoc mar chíos ar an fhoirgneamh sealadach seo, de bharr nach bhfuil an Roinn sásta an tacaíocht a thabhairt don Ghaelcholáiste a thugann siad do scoileanna aitheanta eile."

Dhearbhaigh sí go raibh cás dlí á ullmhú ag an nGaelcholáiste faoin leatrom seo agus go raibh an cás cheana féin curtha faoi bhráid an Ombudsman, Emily O'Reilly.

Anuas air sin, tá diúltuithe faighte ag Gaelscoileanna i bhFionnghlas, i Leamhcán agus i Nás na Ríogh d'iarratais ar an scéim Deis, scéim na Roinne le cuidiú le scoileanna atá suite i gceantar faoi mhíbhuntáiste.

I litreacha a seoladh go dtí na Gaelscoileanna seo, tugadh le fios go raibh siad á ndiúltú de bharr gur Gaelscoileanna a bhí ann, cé go raibh an oiread páistí faoi mhíbhuntáiste sna scoileanna sin is a bhí i scoileanna ar ceadaíodh cabhair dóibh.

"Ní thuigimid cén t-údar atá leis an leatrom seo," arsa Carmel le Lá.

"Ní thuigimid cén fáth nach bhfuil an tAire sásta casadh linn."

**rud a shéanadh (ar dhuine):** to deny someone something
**pátrú(i)n:** patron(s)
**ilchreidmheach:** multi-denominational
**idirchreidmheach:** interdenominational

# mionfhógraí

**AR CÍOS**

GAOTH DOBHAIR:
Teach ar cíos: Coitean, Na Doirí Beaga. 3 sheomra leapa; seomra stórais. Teas lárnach ola. Suíomh lárnach, ar fáil láithreach, gearr nó fad téarmach.
087 4134244/ 087 7979336

**IMEACHTAÍ**

ARD MHACHA:
Léacht eagraithe ag Glór na nGael / Cairdeas na Teanga. Déardaoin 26 Deireadh Fómhair, Trian Phádraig, Ard Mhacha ar 8.00in. Labharfaidh Marcas Mac Ruairí ar An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus an Ghaeilge. Fáilte roimh chách.

GAOTH DOBHAIR:
Margadh tíre sa Chrannóg, Sraith na Corcra, Doirí Beaga, ar gach Aoine ón 12–2in. Iarrtar ar dhaoine a dhéanann arán nó earraí eile ag an bhaile teagmháil a dhéanamh leis an Chrannóg ag an uimhir 074 9632208.

BÁC: Club Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, BÁC2 Ceol beo gach Déardaoin 9.30in. Eolas 087 2583067 nó 01 4751480
www.ionad.org/anclub

BÉAL FEIRSTE:
Maidin caifé le Gaeilge gach Dé Luain agus Dé Céadaoin, 10.30rn–meánlae. Comhrá agus cuideachta shultmhar. Fáilte roimh chách. Bígí linn! Ag Teach Mhic Reachtain, 154 Bóthar Aontroma, Béal Feirste.
028 9074 9688

**DE DHÍTH** Duine de dhíth le hobair thógála agus phluim-éireachta a dhéanamh/ceird a fhoghlaim, lonnaithe i nGaoth Dobhair. Ceadúnas tiomána ina chuidiú. Scairt ar Phroinsias ar 087 6735808

**RANGANNA GAEILGE**

GAILLIMH: Oíche na bhfogh-laimeoirí, gach Céadaoin, i gClub Áras na nGael ar 8.30in. Conradh na Gaeilge, 45 Sr Dominic, Gaillimh. Eolas: 091 563699 conradh@bradan.iol.ie

BÁC: Oíche na bhfoghlaimeoirí, gach Luan, Club Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, BÁC2 ag 8.30in. 01 4751480 tar éis 8in.

DOIRE: Tá tús curtha le Ranganna Gaeilge Chumann Gaelach Chnoc na Rós, Doire, ag Sráid Nassau Uachtarach, gach tráthnóna Dé Máirt, 7.15in. Gach leibhéal ó fhoghlaimeoirí go cainteoirí líofa.
Eolas: 028 71342906 nó cnocnaros1@btconnect.com

BÉAL FEIRSTE:
Ranganna Gaeilge i nGaelscoil na Móna, 7-8 bun rang, 8-9 dara rang, 8-9 tríú rang. Tuilleadh eolais ó Ghlór na Móna ar 90619773. Fáilte roimh chách.

**RANG DAMHSA**

RÁTH CAIRN: Ranganna damhsa seit i mBunscoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Cairn, gach Céadaoin. 8.30in–10in. 046 9432067. www.rathcairn.com

**RANG AMHRÁNAÍOCHTA**

Rang/ceardlann amhránaíochta ar 'Amhráin Chúige Uladh' faoi stiúir Phádraigín Ní Uallacháin gach Luan, 7-8.30 ón 23 Deireadh Fómhair in Ionad Filíochta Seamus Heaney, Roinn an Bhéarla, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (48 Br na hOllscoile in aice le bialann Beatrice Kennedy).
NÍ GÁ a bheith i do shár-amhránaí le freastal ar an rang seo. Eolas: 028 90973262; pniu@ireland.com

**SEIRBHÍSÍ**

GAOTH DOBHAIR:
Seirbhís Chomhairleach Ban i gCloich Cheann Fhaola, Dún Fionnachaidh, Gaoth Dobhair. Eagraithe ag Ionad na mBan, Leitir Ceanainn. Saor in aisce agus faoi rún. 074 9124985

DÚN na nGALL:
Cuireann Tearmann – Grúpa Ban Dhún na nGall – cuidiú ar fáil do mhná agus do pháistí atá ag fulaingt drochíde fhisiciúil, intinne, shíceolaíoch, ghnéasach nó eacnamaíoch. Lóistín, comhairle, seirbhísí teagmhála áitiúla, tacaíocht. Líne chabhrach 24 uair: 074 9126267. Saor-Fón Cabhrach: 1800 341 900.

DÚN NA nGALL:
Athchúrsáil Ceallraí.
Tá MEAS ag iarraidh go ndéanfaí ceallraí a athchúrsáil sa choimeádán dhearg athchúrsála in oifigí na Comhairle Contae ar an Chlochán Liath. Uaireanta oifige: Luan go hAoine, 9.30rn-4.30in.

BÉAL FEIRSTE:
Tá Cill Chríostaí ag lorg duine chun staidéar a dhéanamh ar an Bhíobla Naofa agus teagasc Críostaí trí Ghaeilge.
Má tá spéis agat, labhair le Seán ag 028 9050 7988.

**SEIRBHÍS MIONFHÓGRAÍ LÁ**
**Seol do mhionfhógra chuig mionfhogra@nuacht.com**

# Spórt Lá



## Spórtlíne

# Curaidh idir-chúige arís

Le **Tomaí Ó Conghaile**

Joe Sheridan na Mí a scóráil an cúl a thug an lá do Chúige Laighean i gCluiche Ceannais an Chomórtais Idirchúige, a bhí ar siúl i mBostún ag an deireadh seachtaine.

Bhuaigh siad ar fhir Chonnacht 2-14 in éadan 2-11 i gcomhlann a bhí lán spleodair ó thús deireadh.

Ba é Derek Savage as Gaillimh a bhí faoi bharr lasrach nuair a bhuail sé líontán na Laighneach sa séú bomaite chun an buntáiste a thabhairt dá chúige, 1-1 i gcoinne 0-1, ach bhain sé beagnach leathuair astu scóráil arís.

D'aimsigh curaidh na bliana seo caite cúl dóibh féin, go luath sa leath chomh maith, agus Marc Carpenter ag críochnú iarrachta ón imreoir lár páirce, Pádraig Clancy.

Bhí Conal Keaney cruinn os comhair na gcúl do Chúige Laighean, a fhad is a bhí Alan Dillon agus Conor Mortimer ag clárú cúpla cúilín ag taobh eile na páirce, ach ba iad peileadóirí an oirthir a chruthaigh na seansanna ab fhearr roimh an sos.

1-9 in aghaidh 1-3 an scór ag leatham ach taobh istigh de sheacht nóiméad ón atosú, ní raibh foireann John O'Mahony ach trí chúilín ar chúl a gcéile comhraic.

Michael Meehan, Karl Mannion, Dillon agus Mortimer ba chúis leis an teacht ar ais agus ar 50 bomaite, d'fhág scór ó David Heaney Mhaigh Eo go raibh cic amháin eatarthu, 1-10 in éadan 1-9.

Lean na Connachtaigh leis an bhrú le cúl ó Meehan agus gan ach 10 nóiméad fágtha ar an chlog ach ba ag na Laighnigh a bhí an ghair dheiridh nuair a thug cúl ón lántosaí, Joe Sheridan, an bua dóibh, uair amháin eile.

**Laighin:** G Connaughton, A Fennelly, B Cahill, M Ennis, C King, C Moran, K Slattery, B Quigley, P Clancy (0-1), D Lally, J Doyle (0-3, 1 free), M Carpenter (1-2), C Keaney (0-4), J Sheridan (1-2), B Kavanagh (0-1)

**Connachta:** D Clarke, D Heaney (0-1), F Hanley, D Burke, S Daly, D Blake, S McDermott, P Harte, D Brady, A Kerins, G Brady, A Dillon (0-2), C Mortimer (0-5), M Meehan (1-1) D Savage. Fear ionaid: K Mannion (0-1)



**Joe Sheridan, Laighin, in aicsean i gcoinne Finian Hanley, Connachta.**

## Nap Lá



**5.15 Catterick**
**How's She Cuttin'**

# Ainmnithe agus réidh



**Ronan Clarke, Ard Mhacha agus Éire**

Tá a chinneadh déanta ag bainisteoir na hÉireann, Sean Boylan, agus an fhoireann a rachaidh chun coimhlinte leis na hAstrálaigh sna cluichí rialacha idirnáisiúnta ag deireadh na míosa anois ainmnithe aige.

25 imreoir láidir, le roinnt tosaithe ardchaighdeáin, atá roghnaithe ag Boylan agus thug sé le fios go mbeadh Stephen O'Neill Thír Eoghain, Dessie Dolan na hIarmhí agus Darragh Ó Sé as Ciarraí ar aire le haghaidh áite ar an scuad.

Tháinig foireann na hAstráile go hÉirinn Dé Domhnaigh agus tá siad faoi láthair i gCill Airne, áit a bhfuil traenáil bhreise ar bun acu.

Táthar ag tnúth go mór leis na cluichí: tá an chéad bhabhta i nGaillimh díolta amach cheana féin agus 55, 000 ticéad ceannaithe don dara babhta i bPáirc an Chrócaigh.

**Foireann na hÉireann:** Kieran McGeeney (Captaen, Ard Mhacha) Tadhg Kennelly (Sydney Swans), Aidan O'Mahoney, Marc Ó Sé, Kieran Donaghy, Paul Galvin, (Ciarraí), Kevin Reilly, Anthony Moyles, Graham Geraghty (An Mhí), Alan Quirke, Nicholas Murphy, (Corcaigh), Ronan Clarke, Stephen McDonnell (Ard Mhacha), Tom Kelly (Laois), Colm Begley (Brisbane Lions), Sean Martin Lockhart, (Doire), Shane Ryan, Alan Brogan (BÁC), Kieran Fitzgerald, Joe Bergin (Gaillimh), Sean Cavanagh, (Tír Eoghain), Brendan Coulter, (An Dún), Dermot Early (Cill Dara), Paul Barden (An Longfort), Karl Lacey (Dún na nGall)

# Slán le Schumacher

## Moladh agus cáineadh don sárthiománaí Gearmánach

Le **Tomaí Ó Conghaile**

Bhuaigh Fernando Alonso Craobh F1 don dara bliain as a chéile agus d'éirigh Michael Schumacher as i ndiaidh 16 bliain ag barr an spóirt.

Deireadh seachtaine suntasach i saol na rásaíochta gluaisteáin mar sin ach níl deireadh leis na scéalta go fóill agus breithiúnas á thabhairt ag tráchtairí ar fud an domhain ar an Ghearmánach, a thóg seacht gCraobh leis le linn a shaoil tiomána.

Curiarracht dhomhanda atá sa méid sin ach dar le cuid sa spórt go bhfuil scáth ar chlú Schumacher mar gheall ar an bhealach ar bhuaigh sé a chuid rásaí thar na blianta.

Duine acu seo Damon Hill – an tiománaí Sasanach a bhíodh in iomaíocht ghéar le Schu i lár na 1990í – atá tar éis a rá nach ndearna an Gearmánach maitheas do F1.

"Is mór an trua é nó sílim go dtiocfadh leis an scéal a bheith go hiomlán difriúil, go háirithe agus an tallann a bhí aige," arsa Hill, 46 bliain d'aois.

"Is é Michael a bhfuil an líon is mó rásaí buaite aige, ní féidir sin a bhaint dó, ach tá amhras ann faoin bhealach ar bhuaigh sé cuid de na comórtais sin.

"Bíonn suim ag roinnt daoine sa bhua agus is cuma leo conas a fhaigheann siad é.

"Beidh tacaithe i gcónaí ag Michael ach tá siad ann fosta a mhothaíonn míchompordach faoi agus faoi na heachtraí éagsúla a thit amach ar an raon."



**Michael Schumacher**

B'fhéidir go bhféadfaí a mhaíomh nach bhfuil sa mhéid sin ach silíní searbha Hill - bhuail Schumacher carr s'aige i gCraobh na bliana 1994 nuair a bhí deis ag an Sasanach bua iomlán a fháil air - ach is cinnte go bhfuil íomhá neamhthrócaireach ag an Ghearmánach cumasach.

Tugadh moltaí go leor do Schu, mar sin féin, i ndiaidh dó Grand Prix na Brasaíle a chríochnú, agus an curadh reatha, Alonso, ag rá go raibh bua s'aige níos suntasaí cionn is go raibh Schumacher san iomaíocht leis.

Agus ag trácht dó ar éachtaí thiománaí Ferrari, dúirt Mika Hakkinen, curadh F1 1998-99: "Má amharcann tú ar an phictiúr iomlán, níl aon dabht faoi Michael agus a bhfuil déanta aige ina shaol tiomána. Tá éacht speisialta bainte amach aige. Ní dóigh liom go mbeidh tiománaí in ann aithris a dhéanamh air sin go ceann i bhfad, nó b'fhéidir go brách."